An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2016

Garda.ie

Taighde le

amárach research

## CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| 1 | Brollach |
| 2 | Eochairthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2016 |
| 3 | Achoimre Feidhmiúcháin |
| 5 | Réamhrá |
| 8 | Braistintí Poiblí i leith na Coireachta in Éirinn |
| 12 | Íospartaigh na Coireachta |
| 16 | Faitíos agus Imní faoin gCoireacht |
| 26 | Tosaíochtaí Póilíneachta do An Garda Síochána |
| 29 | Infheictheacht an Gharda |
| 35 | Sástacht leis An Garda Síochána |
| 39 | Iontaoibh in An Garda Síochána |
| 43 | Braistintí i leith eagras an Gharda |
| 49 | Conclúidí |

# Brollach

Is foinse eolais thábhachtach é an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail don phóilíneacht agus do shábháilteacht an phobail. Is amhlaidh atá toisc go soláthraítear eolas leis 'thar na staitisticí coireachta' chun féachaint ar na braistintí i leith saincheisteanna coireachta. Mar shampla,

- Déantar iniúchadh ann ar an bhfaitíos roimh choireanna. Féadann faitíos méadaithe roimh choireanna dul i bhfeidhm ar cháilíocht na beatha ag daoine aonair, ag cur isteach ar an gcaoi ina mbraitheann siad a sábháilteacht phearsanta agus cáilíocht a mbeatha. D'fhéadfadh strus agus imní mhéadaithe teacht mar thoradh air freisin do dhaoine aonair. D'fhéadfadh daoine aonair a gcuid gníomhaíochtaí i bpobail áitiúla a chosc dá bharr sin, rud a bhainfeadh d'iomláine an phobail sna ceantair úd.
- Déantar tomhas sa suirbhé freisin ar bhraistintí na bhfreagróirí den choireacht ina bpobal áitiúil. Féadann an bhraisint gur fadhb sa choireacht dul i bhfeidhm freisin ar cháilíocht a mbeatha, óna dtagann rómheastachán dá dtionchar ó éirí ina n-íospartach den choireacht. Faoi mar a tugadh faoi deara thuas, féadann sé sin dul i bhfeidhm ar cháilíocht na beatha don duine aonair agus ar a gcuid idirghníomhuithe laistigh den phobal áitiúil.

Ba chóir go dtabharfaí faoi deara nach bhfuil nasc caol díreach idir an choireacht agus an faitíos ina leith. Tá leibhéil na coireachta tar éis laghdú i go leor dlínsí, ach níor tháinig laghduithe san fhaitíos roimh choireanna dá bharr sin. Is amhlaidh dá réir nach dtéann an phóilíneacht i ngleic leis an gcoireacht amháin, ach go soláthraíonn sí suaimhneas freisin. Is cuspóir é sin a leagtar amach go soiléir i Ráiteas Straitéise An Garda Síochána 2016 – 2018. Bainfear leas as Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun dul chun cinn ina choinne sin a mheasúnú.

Is iad íospartaigh na coireachta eochairghrúpa don eagras. Tá sé tábhachtach go dtacaíonn An Garda Síochána le híospartaigh idir fhreagra tráthúil a sholáthar i leith an teagmhais, íospartach na Cosúil leis sin, is amhlaidh atá tiomantas ag An Garda Síochána chun caighdeán ard seirbhíse a sholáthar do phobail áitiúla. Chun an dul chun cinn sa limistéar sin a thomhas, iarrtar sa Dearcadh an Phobail ar fhreagróirí faoina leibhéal sástachta sa tseirbhís a sholáthraíonn An Garda Síochána dá bpobail áitiúla.

Déantar tomhas sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar bhraistintí an phobail i leith An Garda Síochána. Déanaimid iontaoibh an phobail san eagras a thomhas. Baineann ríthábhacht leis an iontaoibh, ní hamháin chun sainordú agus dlisteanacht 'póilíneachta' na n-eagras póilíneachta a bhuanú, ach chun comhoibriú an phobail agus comhlíonadh an dlí a shlánú. Déanaimid iniúchadh freisin ar bhraistintí níos forleithne i leith an eagrais – is í an aidhm atá againn ag tráth nuair atá An Garda Síochána i mbun cláir athraithe nach beag chun dul chun cinn a thagarmharcáil agus a mheasúnú maidir le seachadadh seirbhísí do phobail áitiúla. Is í an aidhm atá againn ná chun ár n-idirghníomhuithe le pobail áitiúla a fheabhsú; chun bheith éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht; chun seirbhís dhea-bhainistithe a sheachadadh, fiú féin chun an t-eagras a thabhairt chuig leibhéal mar a léirítear scoth domhanda ann.

Cé go mbaineann tábhacht le monatóireacht a dhéanamh ar staitisticí coireachta, baineann tábhacht freisin le braistintí agus mhothúcháin na ndaoine a thomhas. Ní hionann iad sin agus staitisticí 'boga – baineann tionchair réadúla leo ar cháilíocht na beatha do dhaoine. Tá sé tábhachtach freisin chun ár ndul chun cinn thairis na staitisticí coireachta a thomhas, ag féachaint ar shástacht na n-íospartach, sástacht leis an tseirbhís a sholáthraímid do phobail áitiúla, agus iontaoibh agus muinín an phobail in An Garda Síochána. Is uirlis thábhachtach é an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun ár ndul chun cinn a thomhas i gcoinne na limistéar úd.

Gurchand Singh
*Ceann Sheirbhís Anailíse An Garda Síochána*

# Eochairthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2016

**8%** ina n-íospartaigh choireachta

-3%

Laghdú faoi 3% ó shuirbhé na bliana 2015 (11%).

**ceantair 'chathrach' nó 'uirbeacha eile'**

10%

6%

Mhaígh comhréir ní ba mhó de na freagróirí sna ceantair 'chathrach' agus 'uirbeacha eile' (10%) go raibh siad ina n-íospartaigh choireachta le hais iad siúd a chónaigh sna ceantair thuaithe (6%).

**Ceantair faoin tuath**

**79%** d'íospartaigh a thuairiscigh a gcoir leis na Gardaí

**BRAISTINTÍ I LEITH NA COIREACHTA NÁISIÚNTA**

**77%**

a dúirt go raibh ina fadhb fhíor-thromchúise ach nó thromchúiseach

**BRAISTINTÍ I LEITH NA COIREACHTA ÁITIÚLA**

**24%**

a dúirt go raibh ina fadhb fhíor-thromchúise ach nó thromchúiseach

D'fhéach na daoine úd i mBaile Átha Cliath ar an gcoireacht áitiúil mar fhadhb ní b'achrannaí ná an choireacht náisiúnta, agus d'fhéach na daoine sna ceantair faoin tuath ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb ní b'achrannaí ná an choireacht áitiúil.

**67%**

Bhí móramh na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána




**6,000**

**freagróir**

sampla arb ionadaíoch go náisiúnta é don daonra ar bhunús na haoise, na hinscne, na haicme sóisialta agus na náisiúntachta

**66%**

**de dhaoine a thuairiscigh gur bhain roinnt faitís dóibh faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne**

Thuairiscigh **38%** go raibh tionchar éigin ag a bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha; agus bhí **54%** de na freagróirí imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta

Baile Átha Cliath

**IS AIRDE**

Leibhéil faitís roimh choireacht, imní faoin íospairt agus tionchar an fhaitís roimh choireacht ar cháilíocht na beatha

**IS ÍSLE**

Connachta /Ulaidh

IONTAOIBH IDIR MHEÁNACH AGUS ARD

**88%**

d'fhreagróirí a raibh leibhéal iontaoibhe idir mheánach agus ard acu in eagras an Gharda.

## ÉIFEACHTACHT & ÉIRIM

Tháinig laghdú ar bhraistintí i leith Éifeachtacht agus Éirim eagras an Gharda idir na blianta 2015 agus 2016

2015

2016

**35%**

de na freagróirí a thuairiscigh go mbíodh Gardaí ar patról ina gceantair áitiúla go rialta

**59%**

de na freagróirí 'nár leor' é láithreacht an Gharda ina gceantair áitiúla

# Achoimre Feidhmiúcháin

Dírítear an suirbhé ar 6,000 freagróir arb ionadaíoch go náisiúnta iad don daonra ar bhunús na haoise, na hinscne, na haicme sóisialta agus na náisiúntachta. Cuimsíonn sé réimse saincheisteanna a bhaineann leis an gcoireacht agus leis an bpóilíneacht; chun críocha na tuarascála seo is amhlaidh a chuirtear na torthaí i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas.

## Braistintí Poiblí i leith na Coireachta in Éirinn

**Bhraith móramh na bhfreagróirí go raibh an choireacht náisiúnta i bhfad ní b'achrannaí ná an choireacht ina gceantair áitiúla.**

- Mheas 77% de na freagróirí sa bhliain 2016 go raibh an choireacht náisiúnta in Éirinn mar fhadhb thromchúiseach nó fhíor-thromchúiseach, agus thuairiscigh 2% nach raibh fadhb ar bith léi.
- Mar chomparáid leis sin, mheas 24% go raibh an choireacht áitiúil mar fhadhb thromchúiseach nó fhíor-thromchúiseach, agus thuairiscigh 26% nach raibh fadhb ar bith léi.

## Íospartaigh na Coireachta

**Ar fud an tsampla, bhí 493 freagróir ina n-íospartaigh choireachta le 12 mí anuas, arbh ionann é agus ráta íospartha de 8%, bhí móramh na n-íospartach sásta leis an gcaoi ina ndeachaigh na Gardaí i ngleic lena dteagmhais.**

- Thuairiscigh 60 de na 493 íospartach úd go raibh siad ina n-íospartaigh ní ba mhó ná aon uair amháin.
- Thuairiscigh díreach faoi bhun ceithre chúigiú (79%) de na híospartaigh an choir a bhain dóibh leis An Garda Síochána.
- Ba í an bhuirgléireacht an choir ba mhó a tuairiscíodh, leis an robáil (ó réadmhaoin) agus goid gluaisteáin sna sála uirthi.
- Bhí 57% de na híospartaigh sásta nuair a thuairiscigh siad an choir leis an gcaoi inar phléigh na Gardaí lena gcás.

## Faitíos agus Imní faoin gCoireacht

**Thuairiscigh móramh na ndaoine gur bheag faitíos nó nach raibh faitíos ar bith acu faoin gcoireacht, agus níor fheidhmigh an faitíos sin tionchar ar cháilíocht a mbeatha den chuid ba mhó acu.**

- Thuairiscigh 6% de na freagróirí i rith na bliana 2016 gur bhain go leor faitíos dóibh faoin gcoireacht, thuairiscigh 31% roinn faitíos, thuairiscigh 29% fíorbheagán faitíos, agus mhaígh os cionn trian amháin nach raibh faitíos ar bith acu faoi leibhéal na coireachta trí chéile.
- Thuairiscigh 61% de na freagróirí nár laghdaíodh cáilíocht a mbeatha lena bhfaitíos roimh choireanna.
- Bhain imní d'os cionn a leath (54%) de na freagróirí faoi bheith ina n-íospartach den choireacht, bíodh sí ina coir de dhíobháil phearsanta, goid nó damáiste maoine, nó an dá cheann.

## Tosaíochtaí Póilíneachta do An Garda Síochána

**Ba mhaith leis na freagróirí go ndíreodh An Garda Síochána ar an gcoireacht i gcoinne an duine seachas ar chineálacha coireachta eile.**

- Ba iad na robálacha (thug 91% de na freagróirí í sin mar shaincheist tosaíochta dóibhsean), na cionta gnéasacha (91%) agus na hairm mhídhleathacha (90%) na tosaíochtaí ab airde do na freagróirí.

## Infheictheacht an Gharda

**Tháinig méadú ar an bhFeasacht faoi phatróil an Gharda agus braistintí i leith láithreacht an Gharda ar fud na bliana 2016.**

- Thuairiscigh ní ba mhó ná trian amháin (35%) de na freagróirí go mbíodh Gardaí ar patról ina gceantair áitiúla go rialta sa bhliain 2016.
- Shíl 50% de na freagróirí 'nár leor' é láithreacht an Gharda ina gceantair áitiúla.

## Sástacht leis An Garda Síochána

**Bhí na freagróirí sásta nó fíorsháasta trí chéile leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána don phobal áitiúil.**

- Dúirt móramh na bhfreagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dóibh (67%), bhí 27% de na freagróirí míshásta, agus thuairiscigh 7% nach raibh a fhios acu nó nár fhreagair siad.

## Iontaoibh in An Garda Síochána

**Dealraítear iontaoibh an phobail in An Garda Síochána bheith ina thomhas daingean gan mórán ná beagán gluaiseachta.**

- Bhí leibhéil idir mheánach agus ard ag 88% de na freagróirí in eagras an Gharda i rith na bliana 2016.

## Braistintí i leith Eagras an Gharda

**Bhí dearcadh cuibheasach dearfach ag na freagróirí i leith an Garda Síochána ó thaobh é bheith pobal-dírithe (61%), nua-aimseartha nó forásach (55%) agus cairdiúil nó cuiditheach (83%).**

- Mheas a leath de na freagróirí go raibh An Garda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht.
- D'easaontaigh an móramh go soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís de scoth domhanda (51%).
- Bhí deighilt sna dearcthaí nuair a cuireadh an cheist an raibh an t-eagras dea-bhainistithe; 42% a d'aontaigh, 42% a d'easaontaigh agus 16% nach raibh a fhios acu.

# Réamhrá

Is suirbhé sóisialta atá sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail i leith dhearcthaí phobal na hÉireann i leith na coireachta agus na póilíneachta in Éirinn. Faoi mar a imlíníodh sa tuarascáil bhliantúil ón mbliain 2015 (ar fáil ag garda.ie) tá An Garda Síochána tar éis suirbhéanna mórscála a dhéanamh faoi dhearcadh an phobail tríd an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail i leith an Gharda ón mbliain 2002 i leith. Éiríodh as an suirbhé sa bhliain 2008, agus athsheoladh é ag deireadh na bliana 2014. Is é suirbhé na bliana 2016 an dara huair óna athsheoladh, agus tá sé bunaithe ar 6,000 agallamh aghaidh ar aghaidh le haosaigh d'aois 18 bliain agus os a cionn.

## Is iad aidhmeanna an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail ná chun:

- Sampla ionadaíoch de phobal na hÉireann a cheistiú faoina dtaithí den choireacht, chomh maith leis na seirbhísí a soláthraíodh dóibh mar íospartaigh na coireachta.
- Slat tomhais a sholáthar i leith bhraistintí na bhfreagróirí don choireacht, idir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Na limistéir thosaíochta do An Garda Síochána a aithnítear i measc an phobail.
- Fáil amach cé chomh sásta agus a bhíonn an pobal leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla le heagras an Gharda.
- Leibhéil iontaoibhe an phobail in An Garda Síochána agus a mbraistintí den eagras a thomhas.

## Struchtúr na tuarascála seo don bhliain 2016

Scoiltear an tuarascáil ina hocht gcaibidil torthaí:

Tugtar eolas i **gCaibidil 1** faoi bhraistintí na n-aosach faoin gcoireacht in Éirinn i rith na bliana 2016, agus déantar comparáidí inti le torthaí ó shuirbhé na bliana 2015.

Déantar iniúchadh i **gCaibidil 2** ar an íospairt i measc na bhfreagróirí, soláthraítear mionsonraí faoin ráta tuairiscithe coireachta leis na Gardaí, agus taiscéaltar inti na leibhéil sástachta i measc íospartaigh na coireachta. Breathnaítear inti freisin ar na braistintí faoin eolas agus faoin gcúnamh a soláthraíodh d'íospartaigh.

Dírítear i **gCaibidil 3** ar fhaitíos na bhfreagróirí faoin gcoireacht trí chéile, faoina bhfaitíos faoin íospairt agus faoin tionchar a bhaineann leis an bhfaitíos roimh choireanna ar cháilíocht a mbeatha.

Déantar iniúchadh i **gCaibidil 4** ar na tosaíochtaí a fheictear d'fhreagróirí d'eagras an Gharda.

Déantar iniúchadh i **gCaibidil 5** ar infheictheacht an Gharda agus ar bhraistintí de láithreacht an Gharda sna pobail áitiúla. Taiscéaltar i gCaibidil 6 ar shástacht an phobail leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla leis An Garda Síochána.

Déantar iniúchadh i **gCaibidil 7** ar iontaoibh an phobail in eagras an Gharda.

Soláthraítear i **gCaibidil 8** faoi dheireadh eolas i leith bhraistintí na bhfreagróirí i leith eagras an Gharda, lena n-áirítear a chumas chun dul i ngleic leis an gcoireacht, agus leis an gcineál seirbhíse póilíneachta de scoth domhanda a sholáthraíonn sé.

Rinneadh iniúchadh ar na hábhair thuas go léir trí dhéimeagrafaic dhaonra, lena n-áirítear aois, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntacht, chomh maith leis na ceantair thíreolaíochta éagsúla chun difríochtaí sna braistintí agus sa taithí a aithint. Tugtar comparáidí idir torthaí an tsuirbhé idir na blianta 2015 agus 2016 de réir mar is féidir.

## Nua don bhliain 2016

Cuireadh sraith ceisteanna nua leis an suirbhé i rith na bliana 2016;

- Ceisteanna faoi fhaitíos na bhfreagróirí roimh an gcoireacht agus faoin gcaoi ina dtéann sí i bhfeidhm ar cháilíocht a mbeatha, chomh maith lena leibhéal imní faoin íospairt.
- Ceisteanna faoi fheasacht na bhfreagróirí i leith infheictheacht an Gharda ina bpobail áitiúla, chomh maith le tuairim i leith láithreacht an Gharda áitiúil; cuireadh leis freisin iad.

## Forbairtí an tsuirbhé amach anseo

Beidh roinnt forbairtí breise agus saothar breise ann don bhliain 2017.

- Táthar tar éis an suirbhé a rolladh amach anois chuig daoine idir 16 agus 17 mbliana déag d'aois. Soláthróidh an sampla breise sin de thuairim 500 duine óg forbhreathnú ar dhearcthaí i leith na coireachta agus na póilíneachta in Éirinn i measc an ghrúpa sin.
- Beidh dhá cheist breise leis an suirbhé sa bhliain 2017 maidir le braistintí faoin gcaoi ina gcaitheann eagras an Gharda le daoine, is cuma faoin gcúlra a bhíonn acu.

## Modheolaíocht

**Cén chaoi a ndéantar an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail?**
Is iad Amárach Research a dhéanann an suirbhé, a coimisiúnaíodh tar éis próisis tairisceana poiblí iomaíoch. Dearadh an ceistneoir i gcomhairliúchán idir An Garda Síochána agus Amárach Research. Rinneadh na ceisteanna a thástáil sular áiríodh iad leis an suirbhé. Bailíodh na sonraí trí mheán agallamh intí aghaidh ar aghaidh. Tá an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail deartha chun bheith ar siúl ar bhonn leanúnach (déantar suirbhéireacht leanúnach ann ar an daonra) agus tuairiscíonn sé ar bhunús ráithiúil agus bliantúil. Tá 200 pointe samplála ar fad ann. Roghnaíodh iad sin ó bhunachar sonraí timpeall 3,500 Toghroinn/Toghbharda Ceantair. Is amhlaidh nach mbaintear leas as gach pointe samplála gach aon uair. Déantar leathchéad pointe a shampláil gach mí, agus tugtar cuairt ar gach pointe samplála trí huaire i rith na bliana (faoi mar a léirítear thuas, déantar an suirbhé chun sonraí ráithiúla inmheánacha a tháirgeadh, agus laghdaítear leis na pointí samplála rothlacha éifeacht na hearráide samplála). Rangaítear na pointí samplála i gcomhréir leis an leithdháileadh daonra ach leas a bhaint as na catagóirí seo a leanas:

- Cathracha agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe.
- Bailte le daonra os cionn 10,000 nach cathair ná bruachbhaile.
- Bailte le daonra idir 5,000 agus 9,999.
- Bailte le daonra idir 1,500 agus 4,999.
- Ceantair le daonra níos lú ná 1,499.

Roghnaítear freagróirí féideartha ach leas a bhaint as cur chuige siúlóide randamaí (.i. Roghnaíonn na hagallóirí pointe tosaigh agus tagann siad chuig gach teacht ag eatraimh shocraithe - nó gach ceathrú míle sna ceantair thuaithe - nó go bhfaightear freagróir incháilithe).

Déantar an suirbhé trí mheán agallaimh aghaidh ar aghaidh. Tarlaíonn an suirbhé i mbaile an fhreagróra. Déantar na hagallaimh i rith an lae (bíonn dhá shealaíocht agallóirí imlonnaithe idir 10 r.n. agus 2 i.n. agus ansin idir 2 i.n. agus 8 i.n.) chun a chinntiú go ngnóthaítear leithdháileadh cothrom agallamh ar fud gach grúpa.

## Próifíl shamplach

Dearadh an sampla ar aosaigh os cionn 18 bliain d'aois, bheith ionadaíoch ar bhonn náisiúnta. Soláthraítear leis an sampla léiriúchán ar scála beag den daonra óna mbaintear é.

Roghnaíodh na freagróirí de réir cuótaí bunaithe ar an aois, an inscne, aicme shóisialta agus náisiúntacht. Áirítear leis an gceistneoir ceisteanna chun réimse leathan faisnéise déimeagrafaí a ghabháil. Ualaíodh an sampla freisin nuair a dhéantar anailís chun a chinntiú go raibh sé i gcomhréir leis an daonra náisiúnta. Tugtar miondealú i dTábla 1 ar an gcéad leathanach eile ar shampla an tsuirbhé sa bhliain 2016. Fiafraíodh d'fhreagróirí faoi theagmhais íospartach a chonacthas sa 12 mhí roimh mhí an agallaimh (an tréimhse thagartha). Ní ghabhtar sa rannán íospartha den suirbhé sonraí i leith gach coir; eisiatar coireanna de chineál gnéasach ón suirbhé.

## Léirmhíniú táblaí agus figiúirí

Baineadh leas as táblaí minicíochta agus céatadánacha chun freagraí don suirbhé a thaiscéaladh laistigh den tuarascáil seo. Rinneadh iniúchadh de réir mar ba chuí i leith athruithe thar bhliain an tsuirbhé, chomh maith leis na babhtaí ba dhéanaí den suirbhé. Rinneadh athruithe nó difríochtaí a thomhas dá suntas staidrimh. Cé gur tháinig difríochtaí anuas de bheith suntasach ó thaobh staidrimh de, tugadh anailís post-hoc chun críche ar thábla teagmhasach chi-chearnaithe ag baint leasa as an modh iarmhartaigh choigeartaithe, agus ceartúchán Bonferroni á chur chun feidhme[1,2]. Marcáiltear difríochtaí lena mbaineann suntas ó thaobh staidrimh de le réiltín (*) nó sainaithnítear sa téacs iad.

Soláthraítear torthaí neamh-iontaofa leis na méideanna sampla ísle, agus baineann saincheisteanna rúndachta leis freisin. Is amhlaidh dá réir sin a léirítear aon mhéid cille le níos lú ná 30 freagróir ualaithe le líne mar (-). Ba chóir go dtabharfaí faoi deara ámh, go mbunaítear na céatadáin do na méideanna cille úd níos mó ná 30 ar líon iomlán na bhfreagraí don cholún úd. Is féidir céatadán a lua i dtéacs na tuarascála i leith catagóra singile (m.sh. ceaptar an t-aontú den aontaíonn go láidir móide aontaíonn) a aithníodh sna figiúirí / táblaí ach dhá chéatadán nó níos mó a shuimiú. Ceadaítear d'fhreagróirí le roinnt ceisteanna sa suirbhé chun freagraí ilíocha a roghnú. Ní shuimeofar na céatadáin sin chuig 100 faoin gcéad i dteannta leis na céatadáin eile a léirítear. Ní hionann suimiú gach colún mar a mbaintear leas as céatadáin agus 100 faoin gcéad ar deireadh. Is amhlaidh sin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí.

Toisc gur suirbhé atá anseo ar shampla randamach den daonra is amhlaidh a chaithfimid glacadh leis go mbeidh lamháil earráide éigin ann.

Táthar tar éis é sin a ríomh ag +/- 1.1 faoin gcéad i leith sampla iomláin 6,000 freagróir. Is éard a chiallaíonn sé sin nuair a thuairiscímid figiúirí don sampla trí chéile, ar son na hargóna ag tabhairt faoi deara go n-aontaíonn 80 faoin gcéad de na freagróirí le ráiteas éigin, is amhlaidh a luífidh an luach fíor idir 78.9 agus 81.1 faoin gcéad. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara go méadaítear an lamháil earráide

1 *Beasley, T. M., & Schumacker. R. E.(1995). Multiple Regression Approach to Analyzing Contingency Tables: Post Hoc and Planned Comparison Procedures. The Journal of Experimental Education, 64(1): 79-93.*

2 *Sharpe, D. (2015). Your Chi-Square Test is Suntasach ó thaobh Staidrimh de: Now What? Practical Assessment, Research & Evaluation, 20(8): 1-10.*

agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú den sampla. Ba cheart go dtabharfaí an méid sin san áireamh nuair a dhéantar iniúchadh ar na méideanna sampla níos lú (mar shampla, íospartaigh na coireachta).

Baintear leas sna táblaí as miondealú den aicme shóisialta faoi mar a úsáidtear le cuideachtaí taighde mhargaidh é. Is chun tairbhe an léirmhínithe a leagtar amach sainmhíniú na n-aicmí sóisialta úd i dtábla 2 ar an gcéad leathanach eile.

Miondealaítear sna táblaí freisin na freagraí de réir ceantar tíreolais, lena n-áirítear 'cathair', 'uirbeach eile' agus 'tuath'. Is ionann 'cathair' agus buirgí cathrach, is ionann 'uirbeach eile' agus aon cheantar le daonra idir 1,500 agus 10,000 agus is ionann ceantair thuaithe agus ceantair le níos lú ná 1,500. Fiafraítear d'fhreagróirí sa suirbhé freisin faoi cé chomh gar agus atá a stáisiún Garda áitiúil - bunaítear an freagra ar mheastacháin na bhfreagróirí.

**Tábla 1: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail próifíl shamplach**

| **Gnéas** | | **Aois** | | **Aicme shóisialta** | | **Réigiún** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fireann | 49% | 18 - 24 | 12% | AB | 13% | Baile Átha Cliath | 28% |
| Baineann | 51% | 25 - 34 | 22% | C1 | 28% | Laighin (seachas Baile Átha Cliath) | 28% |
| | | 35 - 44 | 20% | C2 | 21% | Mumha | 27% |
| | | 45 - 54 | 17% | DE | 31% | Connachta nó Ulaidh | 17% |
| | | 55 - 64 | 14% | F | 7% | | |
| | | 65+ | 15% | | | | |

| **Ceantar** | | **Náisiúntacht** | | **Eitneacht** | | **Creideamh** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cathair | 36% | Éireannach | 86% | Éireannach Geal | 86% | Caitliceach Rómhánach | 79% |
| Uirbeach Eile | 27% | An Ríocht Aontaithe | 4% | Daoine Geala Eile | 11% | Eaglais na hÉireann | 2% |
| Daoine Tuaithe | 37% | Polannach | 3% | Áiseach | 2% | Críostaí Eile | 3% |
| | | Liotuánach | 1% | Eile | 1% | Ioslam | 1% |
| | | Indiach | 1% | | | Eile | 1% |
| | | Eile | 5% | | | Creideamh ar Bith | 13% |
| | | | | | | Diúltaithe | 2% |

**Tábla 2: Sainmhínithe de ghrúpálacha de réir grúpálacha aicme sóisialta**

| **Aicme Shóisialta** | **Tuairisc** |
|---|---|
| A | Ardbhainistíocht, gairmiúil |
| B | Meánbhainistíocht, gairmiúil, cuntasóir. |
| C1 | Maoirseach nó cléireach, bainisteoir sóisearach, Altra, Oide, ionadaí díolachán, úinéir siopa. Mac Léinn. |
| C2 | Oibrí láimhe oilte (m.sh. Bríceadóir Oilte, Siúnéir, Pluiméir, Péintéir, Tiománaí Bus, Tiománaí Otharcharr, Tiománaí HGV, Fear patróil AA, tábhairneoir), Gruagairí, feisteoir |
| D | Obair leathoilte nó neamhoilte (m.sh. Oibrithe Láimhe, gach printíseach le ceird oilte, Airíoch, Coimeádái Páirce, Tiománaí neamh-HGV, cúntóir siopa), Fear a' phoist, Bearbóir, tiománaí, Tacsaí, Freastalaí beáir. Oibrí ócáideach (gan bheith i bhfostaíocht bhuan) |
| E | Bean/fear tí. Ar scor agus ag maireachtáil ar phinsean stáit. Dífhostaithe nó gan bheith ag obair de bharr Breoiteachta fadéarmaí. Cúramóir lánaimseartha do bhall teaghlaigh eile |
| F | Feirmeoir |

# Braistintí Poiblí i leith na Coireachta in Éirinn



**Braitear an choireacht náisiúnta chun bheith níos tromchúisí ná an choireacht áitiúil**

**2015 ▸ 2016**

Braitheadh fadhb na coireachta náisiúnta ina fadhb ní ba mhó, agus braitheadh fadhb na coireachta áitiúla gan an tromchúis chéanna

**Ba dhóichí do na mná agus do na freagróirí ní ba shine chun féachaint ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb ní b'achrannaí**



Mná

Níos sine



**Féachadh ar an gcoireacht áitiúil mar fhadhb ní b'achranní i mBaile Átha Cliath agus i bhfuílleach Laighean**



**Bhreithnigh na freagróirí faoin tuath an choireacht náisiúnta ina fadhb ní ba thromchúisí**

**Fiafraíodh d'fhreagróirí an tsuirbhé an chaoi ar bhraith siad leibhéal na coireachta go náisiúnta, chomh maith lena gceantar áitiúil féin. Bhraith na freagróirí trí chéile gurbh achrannach í an choireacht náisiúnta, ach ní fhaca siad an choireacht mar shaincheist shuntasach ina gceantar áitiúil.**

## Braistintí i leith na coireachta in Éirin: náisiúnta agus áitiúil

Bhreithnigh 35% de na freagróirí i rith na bliana 2016 an choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach in Éirinn, bhreithnigh 42% acu í ina fadhb thromchúiseach, shíl 20% acu gur fhadhb éigin a bhí inti, agus mhaígh 2% nár bhain fadhb ar bith léi. I gcomparáid leis sin, nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí faoin gcoireacht ina gceantar áitiúil, thuairiscigh 5% í ina fadhb fhíor-thromchúiseach, mhaígh 19% í ina fadhb thromchúiseach, mhaígh 49% go raibh sí ina fadhb éigin, agus shloinn 26% nár bhain fadhb ar bith léi.

Faoi mar a imlíníodh sa rannóg Modheolaíocht ag tús na tuarascála seo, is ar bhunús ráithiúil a reáchtáiltear an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ionas gur féidir an t-athrú le himeacht ama a thomhas. Faoi mar is féidir a fheiceáil i dtábla 3 tharla titim mhór idir R1 agus R4 2016 sna braistintí den choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, ach chonacthas méadú sna braistintí di mar fhadhb thromchúiseach. Tháinig laghdú araon idir R1 agus R4 den bhliain 2016 ar bhraistintí i leith na coireachta áitiúla mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, ach neamhchosúil leis an suíomh náisiúnta, tháinig laghdú ar bhraistintí na coireachta áitiúla mar fhadhb thromchúiseach freisin, agus tháinig méadú ar an gcéatadán díobh siúd a bhreithnigh an choireacht áitiúil gan bheith ina fadhb ar bith. Níor tharla aon athruithe suntasacha i leith na bhfreagraí ceiste eile.

**Tábla 3: Athrú um braistintí i leith na coireachta náisiúnta idir R1 agus R4 2016**

| Coireacht Náisiúnta | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 37% | 40% | 30% | 30% | * |
| Fadhb thromchúiseach | 38% | 38% | 45% | 46% | * |
| Fadhb éigin | 21% | 17% | 20% | 22% | |
| Fadhb ar bith | 2% | 3% | 2% | . | * |
| Ní fios/Tuairim ar Bith | - | - | - | - | |
| **Coireacht Áitiúil** | | | | | |
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 5% | 6% | 4% | 3% | * |
| Fadhb thromchúiseach | 21% | 19% | 19% | 15% | * |
| Fadhb éigin | 51% | 45% | 48% | 53% | |
| Fadhb ar bith | 21% | 29% | 28% | 27% | * |
| Ní fios/Tuairim ar Bith | - | - | - | - | |

## Ar tháinig athrú ar bhraistintí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla idir na blianta 2015 agus 2016?

Faoi mar a fheictear i bhfigiúr 1 d'fhreagair sciar ní b'airde d'fhreagróirí idir na blianta 2015 agus 2016 go raibh an choireacht ina fadhb fhíor-thromchúiseach go náisiúnta. Tharla titim ámh sa sciar a mheas an choireacht náisiúnta ina fadhb thromchúiseach. Bhain suntas ó thaobh staidrimh de leis na hathruithe sin.

Mar chomparáid, tháinig titim idir na blianta 2015 agus 2016 i sciar na ndaoine a bhreithnigh an choireacht ina gceantar áitiúil mar fhadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach faoi 7%, agus tháinig méadú suntasach freisin ar na líonta a bhreithnigh an choireacht áitiúil ina fadhb éigin, chomh maith le gan bheith ina fadhbh ar chor ar bith (féach figiúr 2).


Bailítear sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail réimse faisnéise déimeagraí agus tíreolaíochta lena gceadaítear do bhraistintí na coireachta náisiúnta agus áitiúla chun iad a thaiscéaladh a thuilleadh.

## Braistintí i leith na coireachta náisiúnta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair


Léirítear i dTábla 4 agus 5 sa bhliain 2016:

- **Gnéas:** ba dhóichí do mhná chun féachaint ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, agus ba neamhdhóichí dóibh chun féachaint uirthi mar fhadhb éigin nó mar fhadhb ar bith.
- **Aois:** ba dhóichí dóibh siúd d'aois 55 agus os a cionn chun féachaint ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach i gcomparáid leis na haoisghrúpaí ní b'óige, agus ba dhóichí dóibh siúd sna haoisghrúpaí ab óige an choireacht náisiúnta a bhreithniú ina fadhb éigin.
- **Aicme Shóisialta:** bhreithnigh sciar ní ba mhó d'fhreagróirí le chéile ó na haicmí sóisialta AB agus C1 an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach (59%) i gcomparáid leis na haicmí sóisialta DE agus F (81%).
- **Náisiúntacht:** bhreithnigh sciar ní ba mhó de náisiúnaigh Éireannach an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach nó ina fadhb thromchúiseach (79%) i gcomparáid le náisiúnaigh Neamh-Éireannacha (57%).
- **Réigiún:** bhreithnigh sciar ní ba mhó d'fhreagróirí ó Mhumhain (45%) an choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, agus ba neamhdhóichí dóibh siúd i mBaile Átha Cliath (27%) chun bheith den tuairim sin.
- **Uirbeach/Tuath:** bhreithnigh na freagróirí tuaithe an choireacht náisiúnta ina fadhb ní ba thromchúisí, le 39% á tuairisciú ina fadhb fhíor-thromchúiseach i gcomparáid le 32% d'fhreagróirí 'cathrach' agus 32% d'fhreagróirí 'cathrach eile'.
- **Achar ó stáisiún an Gharda:** níor léir aon difríochtaí suntasacha idir na braistintí den choireacht náisiúnta agus den achar a chónaigh na freagróirí ó stáisiún an Gharda.

**Figiúr 1: Athrú um braistintí i leith na coireachta náisiúnta in Éirinn idir 2015 agus 2016**




**Figiúr 2: Athrú um braistintí i leith na coireachta áitiúla in Éirinn idir 2015 agus 2016**



## Braistintí i leith na coireachta náisiúnta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Braistintí na coireachta áitiúla i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus tíreolachtaí a léirítear i dtábla 6 agus 7:

- **Gnéas:** ní raibh difríochtaí suntasacha ar bith sa chaoi inar bhreithnigh fir agus mná géire na faidhbe coireachta áitiúla.
- **Aois:** ba dhóichí dóibh siúd idir aois 18-24 bliain chun tuairisciú nach raibh fadhb ar bith ann nuair a fiafraíodh díobh faoin gcoireacht áitiúil.
- **Aicme shóisialta:** ba dhoiléire na difríochtaí um braistintí i leith na coireachta áitiúla i measc na n-aicmí sóisialta i gcomparáid le braistintí faoin gcoireacht náisiúnta.
- **Náisiúntacht:** Mhaígh sciar ní ba mhó de náisiúnaigh Neamh-Éireannacha (39%) nach raibh an choireacht áitiúil ina fadhb ar bith i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (24%).
- **Réigiún:** ba dhóichí d'fhreagróirí i mBaile Átha Cliath agus sa chuid eile de Laighin chun breathnú ar an gcoireacht áitiúil mar fhadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach i gcomparáid leo siúd i Mumhain agus i gConnachta/in Ulaidh.
- **Uirbeach/Tuaithe:** ba dhóichí ar fad d'fhreagróirí sna ceantair thuaithe chun féachaint ar an gcoireacht áitiúil gan bheith ina fadhb (30%) i gcomparáid leo siúd sa 'chathair' (24%) agus sna ceantair 'uirbeacha eile' (24%).
- **Achar ó stáisiún an gharda:** ba neamhdhóichí dóibh siúd a chónaíonn ní b'fhaide ar shiúl ó stáisiúin an Gharda chun an choireacht áitiúil a bhrath mar fhadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach.

## Achoimre

- **Braitheadh an choireacht ina fadhb ní ba thromchúisí ag leibhéal náisiúnta ná ag leibhéal áitiúil; ba léir sin thar gach grúpa freagróirí agus ceantar tíreolaíochta.**
- **Is cuibheasach cosúil é an patrún sin leis an gceann a cuireadh in iúl i suirbhé na bliana 2015, leis an eisceacht gur braitheadh an choireacht áitiúil bheith ina fadhb ní ba lú fiú féin sa bhliain 2016 i gcomparáid leis an mbliain 2015.**
- **Bhreathnaigh ní ba lú freagróirí ar an gcoireacht i rith na bliana 2016 (R1 chuig R4) mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, tháinig méadú ámh ar an líon freagróirí a bhreithnigh í mar fhadhb thromchúiseach.**
- **Tháinig laghdú araon idir R1 agus R4 den bhliain 2016 ar bhraistintí i leith na coireachta áitiúla mar fhadhb fhíor-thromchúiseach nó mar fhadhb thromchúiseach.**
- **Ba ghéire na braistintí i leith thromchúis na faidhbe coireachta náisiúnta i measc na mban agus iad siúd sna haoisghrúpaí ba shine.**
- **Ba dhóichí d'fhreagróirí i mBaile Átha Cliath agus sa chuid eile de Laighin chun breathnú ar an gcoireacht áitiúil mar fhadhb ní b'achrannaí i gcomparáid leo siúd i Mumhain agus i gConnachta/ in Ulaidh.**

Déanfar iniúchadh sna codanna amach anseo ar bhraistintí i leith na faidhbe coireachta náisiúnta agus áitiúla i dtaca le taithí na bhfreagróirí den íospairt, lena bhfaitíos agus lena n-imní faoin gcoireacht, lena sástacht leis an tseirbhís a sholáthraíonn An Garda Síochána don phobal áitiúil, agus a n-iontaoibh sa Gharda, chomh maith lena dtuairimí i leith eagrúchán an Gharda féin.

**Tábla 4: Braistiní na coireachta náisiúnta in Éirinn i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 33% | 36% | 21% | 28% | 32% | 38% | 41% | 46% | 27% | 32% | 35% | 38% | 43% | 37% | 20% |
| Fadhb thromchúiseach | 42% | 42% | 44% | 42% | 42% | 43% | 42% | 38% | 41% | 40% | 42% | 42% | 44% | 42% | 37% |
| Fadhb éigin | 22% | 19% | 30% | 26% | 22% | 16% | 15% | 13% | 29% | 24% | 18% | 17% | 11% | 18% | 31% |
| Fadhb ar bith | 3% | 2% | - | 2% | 3% | - | - | - | - | 2% | - | 2% | - | 1% | 7% |
| Ní fios/Tuairim ar bith | 1% | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | 4% |

**Tábla 5: Braistiní na coireachta náisiúnta in Éirinn i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 27% | 32% | 45% | 36% | 32% | 32% | 39% | 34% | 32% | 37% | 39% | 38% |
| Fadhb thromchúiseach | 42% | 42% | 41% | 42% | 40% | 43% | 42% | 41% | 43% | 40% | 43% | 43% |
| Fadhb éigin | 26% | 22% | 12% | 20% | 23% | 22% | 17% | 22% | 20% | 20% | 16% | 17% |
| Fadhb ar bith | 3% | 2% | - | - | 3% | 2% | 2% | - | 3% | - | - | - |
| Ní fios/Tuairim ar bith | 2% | - | - | - | 2% | - | - | - | 1% | - | - | - |


**Tábla 6: Braistintí na coireachta áitiúla in Éirinn i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **AB** | **C1** | **C2** | **DE** | **F** | **Éireannach** | **Neamh-Éireannach** |
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 4% | 5% | - | 3% | 6% | 6% | 4% | 5% | 4% | 5% | 5% | 4% | - | 5% | - |
| Fadhb thromchúiseach | 18% | 19% | 16% | 17% | 18% | 22% | 20% | 17% | 17% | 18% | 20% | 19% | 20% | 19% | 13% |
| Fadhb éigin | 49% | 49% | 47% | 49% | 49% | 49% | 53% | 50% | 53% | 49% | 48% | 48% | 51% | 50% | 42% |
| Fadhb ar bith | 27% | 26% | 32% | 29% | 26% | 22% | 22% | 26% | 24% | 26% | 26% | 28% | 26% | 24% | 39% |
| Ní fios/Tuairim ar bith | 1% | 2% | - | - | - | - | - | - | - | 2% | - | - | - | 1% | - |

**Tábla 7: Braistintí na coireachta áitiúla in Éirinn i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Daoine Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 6% | 6% | 3% | - | 6% | 5% | 3% | 5% | 5% | 5% | - | - |
| Fadhb thromchúiseach | 24% | 22% | 13% | 13% | 21% | 18% | 16% | 20% | 19% | 19% | 17% | 13% |
| Fadhb éigin | 47% | 50% | 51% | 49% | 48% | 52% | 49% | 46% | 51% | 49% | 50% | 43% |
| Fadhb ar bith | 21% | 21% | 31% | 36% | 24% | 24% | 30% | 27% | 23% | 26% | 29% | 40% |
| Ní fios/Tuairim ar bith | - | 2% | - | - | 2% | - | - | - | 2% | - | - | |

# Íospartaigh na Coireachta




Déantar céatadán na n-aosach (d'aois 18 bliain agus os a chionn) a thomhas sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a bhí ina n-íospartaigh choireachta, is cumar ar tuairiscíodh an choir (na coireanna) nó nár tuairiscíodh iad do na Gardaí Aithnítear sa chuid seo na sciartha d'fhreagróirí suirbhé a bhí ina n-íospartaigh de choir amháin ar a laghad sna 12 mí roimh a n-agallamh don suirbhé ar dhearcadh an phobail, ar minic dá dtagraítear mar an ráta íospartha nó coitiantachta.


**Bhí 493 íospartach den choireacht laistigh den suirbhé. Iarradh ar na freagróirí chun aon teagmhais choireachta ábhartha a thabhairt chun cuimhne ar bhain dóibh sna 12 mí de réir an fhéilire roimh mhí an agallaimh, fiafraíodh díobh ar thuairiscigh siad an choireacht ba dhéanaí acu do An Garda Síochána, na fáthanna nár thuairiscigh siad an choireacht, chomh maith lena sástacht faoin gcaoi ar láimhseáil na Gardaí an teagmhas.**

## An Íospairt in Éirinn

Ní raibh móramh na bhfreagróirí don Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sa bhliain 2016 ina n-íospartaigh choireachta. Bhí 493 de na 6,000 aosach a ndearnadh suirbhé orthu a thuairiscigh bheith ina n-íospartach de choir amháin ar a laghadh sna 12 mí roimhe sin, rud a thugann ráta íospartha 8% laistigh den sampla. Thuairiscigh 60 de na 493 íospartach úd go raibh siad ina n-íospartaigh ní ba mhó ná aon uair amháin.

Tá comhréir na n-aosach a bhí ina n-íospartaigh choireachta tar éis laghdú go mór ó 11% sa suirbhé ón mbliain 2015 chuig 8% sa suirbhé is déanaí. Tá rátaí ha íospartha tar éis luainiú ámh laistigh den tréimhse sin. Bhain an ráta íospartha an leibhéal ab ísle aige ag deireadh na bliana 2016, ag seasamh ag 6.6% laistigh den sampla ó R4 (féach figiúr 3).

**Figiúr 3: Leibhéal na híospartha coireachta idir R1 2015 agus R4 2016**





Soláthraítear i bhFigiúr 4 mionsonraí an chineáil choireachta ba dheireanaí a chonaic íospartaigh na coireachta; ba iad an bhruigléireacht (28%), an damáiste coiriúil (17%) agus an t-ionsaí (11%) na cinn ab fhorleithne.

Ní raibh aon tionchar ag an inscne sa sampla sin ar an duine bheith ina n-íospartach coireachta. Giorraíodh na haoisghrúpaí de bharr líon beag na n-íospartach dá n-anailísiú, ionas go bhféadfaí treochtaí forleathana a iniúchadh. Bhain éagsúlacht leis an íospairt ar fud na n-aoisghrúpaí; bhí 10%

díobh siúd d'aoiseanna idir 35 agus 54 bliain ina n-íospartach coireachta, i gcomparáid le 6.3% i measc iad siúd d'aois 55 bliain agus ní ba shine. Mhaígh comhréir ní ba mhó de na freagróirí sna ceantair 'chathrach' agus 'uirbeacha eile' (10%) go raibh siad ina n-íospartaigh choireachta le hais iad siúd a chónaigh sna ceantair thuaithe (6%).

**Figiúr 4: An choireacht ba dhéanaí a chonacthas le bliain anuas**




## Tuairisciú na híospartha in Éirinn

Níor thuairiscigh gach íospartach a gcoir do na Gardaí. As na 493 a bhí ina n-íospartaigh de choir amháin ar a laghad, thuairiscigh 387 díobh an teagmhas ba dhéanaí a bhain dóibh. Tháinig méadú ó chomhréir na n-íospartach a thuairiscigh a gcoireanna leis na Gardaí ó 75% sa bhliain 2015 chuig 79% sa bhliain 2016 (níor bhain suntas leis an athrú sin ó thaobh staidrimh de).

Léirítear i dTábla 8 na coireanna ba mhinice a tuairiscíodh leis na Gardaí de réir an dá shuirbhé ba dhéanaí; fanann an bhuirgléireacht mar an choir ba mhinice a tuairiscíodh, leis an robáil ina dhiaidh sin (ó réadmhaoin) agus robáil gluaisteáin; tháinig méadú i dtuairisciú na gcionta calaoise (+20%) agus cionta ghoid ón duine (+21%) idir an dá shuirbhé ba dhéanaí.

Is féidir go leor fachtóirí dul i bhfeidhm ar an gcinneadh coir a thuairisciú nó gan coir a thuairisciú leis na Gardaí. Léirítear i dTábla 9 trí chéile gurbh iad na fáthanna ba choitianta gan coir a thuairisciú ná: gan an choir a mheas chomh tromchúiseach sin (30%), gan creideamh gurbh fhéidir leis na Gardaí aon ní a dhéanamh (29%), nó gan creideamh nach ndéanfadh na Gardaí rud ar bith faoi (25%).

**Tábla 8: Tuairisciú na coireachta ba dhéanaí a chonacthas**

| | 2015 | 2016 | % athrú |
|---|---|---|---|
| Buirgléireacht | 91% | 95% | 4% |
| Robáil (ó réadmhaoin) | 91% | 92% | 1% |
| Goid gluaisteáin | 97% | 89% | -8% |
| Coireacht eile | 83% | 81% | -2% |
| Robáil (ó dhuine) | 81% | 75% | -6% |
| Damáiste Coiriúil | 76% | 74% | -2% |
| Ionsaí | 71% | 68% | -3% |
| Goid rothair | 57% | 67% | 10% |
| Goid eile | 77% | 63% | -14% |
| Calaois | 42% | 62% | 20% |
| Goid (ó dhuine) | 33% | 54% | 21% |
| Calaois ar líne | 27% | 36% | 9% |

**Tábla 9: Fáthanna gan coir a thuairisciú**

| | |
|---|---|
| Níorbh thromchúiseach a dhóthain an teagmhas | 30% |
| Níor chreid mé gurbh fhéidir leis na Gardaí rud ar bith a dhéanamh faoi | 29% |
| Níor chreid mé go ndéanfadh na Gardaí rud ar bith a dhéanamh faoi | 25% |
| Réitigh mé féin an t-ábhar | 17% |
| Fáth éigin eile (Sonraigh) | 12% |
| Thuairiscigh mé d'údarás éigin eile é | 6% |
| Níor theastaigh uaim go mbeadh baint ag na Gardaí leis | 4% |
| Éileamh árachais ar bith ag teastáil | 3% |
| Eagla roimh dhíoltais ó choireach nó ó dhaoine eile | 2% |
| Ní raibh dóthain ama agam - | - |
| Diúltaithe | 4% |

## Taithí de thuairisciú coire

Fiafraíodh d'íospartaigh ar bhain coireacht dóibh le 12 mí anuas Freisin faoina dtaithí de thuairisciú coire leis na Gardaí

- D'aontaigh **60%** gur fhreagair na Gardaí go tapa nuair a thuairiscigh siad an teagmhas, síos faoi 3% phointe ó shuirbhé na bliana 2015.
- Thuairiscigh **69%** gur tugadh ainm an Gharda/na nGardaí f(h)iosraithe dóibh, síos faoi 1% ón suirbhé deireanach.
- Tugadh sonraí teagmhála stáisiún a gharda do **70%** acu, síos faoi 1% ar thorthaí na bliana 2015.

- Tugadh uimhir PULSE do **43%** de na híospartaigh, ar mhéadú faoi 9% ar an mbliain roimhe sin é.
- Ar deireadh, thuairiscigh **41%** de na híospartaigh gur tugadh uimhir línte cabhrach/seirbhísí d'íospartaigh dóibh i gcomparáid le 33% sa suirbhé deireanach.

**Tábla 10: taithí de thuairisciú coire**

| | Tá | Níl | Gan bheith ábhartha | Ní fios/ Ní cuimhin |
|---|---|---|---|---|
| D'fhreagair na Gardaí go tapa | 60% | 33% | - | - |
| Tugadh ainm na nGardaí fiosraithe | 69% | 25% | - | - |
| Tugadh mionsonraí teagmhála an stáisiúin Gharda | 70% | 20% | 8% | - |
| Tugadh uimhir PULSE/choireachta | 43% | 44% | - | - |
| Tugadh sonraí na línte cabhrach nó na seirbhísí d'íospartaigh | 41% | 48% | 8% | - |

Fiafraíodh de na freagróirí freisin ar shásúil é an t-eolas a tugadh dóibh i rith an teagmhais ba dhéanaí a bhain dóibh; mhaígh 41% go bhfuair siad uireasa faisnéise i gcomparáid le 36% d'íospartaigh i suirbhé na bliana 2015; dúirt 48% go raibh sé cuibheasach ceart, suas faoi dhá faoin gcéad ó leibhéil na bliana 2015; agus dúirt 1% go bhfuair siad an iomarca faisnéise, an sciar céanna le suirbhé na bliana 2015. Laistigh den sampla, thuairiscigh 9% nár tugadh aon nuashonrú dóibh i leith dhul chun cinn an imscrúdaithe, anuas ó 16% sa bhabhta deireanach den suirbhé.


## Sástacht le freagra an Gharda i measc íospartaigh na coireachta

I suirbhé na bliana 2016, i measc na n-íospartach go léir a thuairiscigh a gcoir, dúirt 21% go raibh siad fíorshásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí a gcás-san, bhí 36% cuibheasach sásta, agus bhí 26% acu míshásta, agus bhí 17% acu fíor-mhíshásta. Dúirt ní ba lú ná 1% nach raibh a fhios acu nó nár chuimhin leo. Ní tháinig athrú suntasach ar bith ar leibhéal sástachta na n-íospartach idir an dá shuirbhé ba dhéanaí leis an gcaoi ar láimhseáil An Garda Síochána a gcásanna.

Bhí roinnt éagsúlachtaí sna leibhéil sástachta nuair a rinneadh iniúchadh ar ghrúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha, ceantair agus íospartach (féach tábla 11).

- **Gnéas:** bhí ní ba mhó íospartach baineann (61%) ná fireann (51%) leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dóibh.
- **Aois:** giorraíodh na haoisghrúpaí de bharr sampla beag na n-íospartach ionas go bhféadfaí treochtaí forleathana a iniúchadh. Tháinig méadú le dul in aois ar na leibhéil sástachta i measc íospartach na coireachta; ba iad siú d'aois 55 bliain agus os a chionn na cinn ba shásta.
- **Aicme Shóisialta:** Comhdhlúthaíodh cosúil leis sin na grúpálacha aicme sóisialta chun ligean d'iniúchadh thar dhá ghrúpáil fhorleathana. Tuairiscíodh i measc na ABC1 leibhéil sástachta ní b'airde i gcomparaid le C2DEF (60% i gcomparáid le 53%).
- **Uirbeach/Tuaithe:** bhí na híospartaigh sna ceantair thuaithe ábhairín ní ba mhíshásta i gcomparáid le ceantair 'chathrach' agus 'uirbeacha eile'.

**Figiúr 5: Athruithe um shástacht i measc íospartach 2015 agus 2016**



**Tábla 11: Sástacht na n-íospartach le láimhseáil An Garda Síochána de theagmhas coireachta le déanaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | Aicme Shóisialta | | Urban/Tuaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-34** | **35-54** | **55+** | **ABC1** | **C2DEF** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** |
| Fíorshásta | 17% | 24% | - | 22% | - | 21% | 19% | 19% | - | - |
| Cuibheasach sásta | 34% | 37% | 32% | 33% | 45% | 39% | 34% | 39% | 34% | 33% |
| Cuibheasach míshásta | 27% | 24% | 26% | 25% | - | 26% | 25% | 26% | 26% | 25% |
| Fíor-mhíshásta | 20% | 14% | - | 19% | - | - | 21% | 17% | 15% | 20% |
| Ní fios/Freagra ar bith | - | - | - | - | - | - | - | - | 2% | - |

## An dtéann an íospairt i bhfeidhm ar bhraistintí na coireachta?

Bhraith íospartaigh na coireachta an fhadhb choiriúil náisiúnta agus áitiúil de bheith ní ba thromchúisí ná neam-íospartaigh. Léirítear i dtábla 12 na difríochtaí sna braistintí den choireacht náisiúnta agus áitiúil arna miondealú der réir saintréithe íospartach. Bhreithnigh sciar ní b'airde d'íospartaigh na coireachta (44%) an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach sa bhliain 2016 i gcomparáid le neamh-íospartaigh (34%). Bhí sé sin ní ba ghéire nuair a rinne tú iniúchadh ar bhraistintí roimh an gcoireacht áitiúil; bhreithnigh sciar ní ba mhó de na híospartaigh (44%) an choireacht áitiúil chun bheith ina fadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach i gcomparáid le neamh-íospartaigh (21%)

**Tábla 12: Braistintí na coireachta de réir na híospartha**


| **Coireacht Náisiúnta** | **Gan bheith mar íospartach** | **Íospartach coireachta** |
|---|---|---|
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 34% | 44% |
| Fadhb thromchúiseach | 42% | 36% |
| Fadhb éigin | 21% | 17% |
| Fadhb ar bith | 2% | - |
| Ní fios/Freagra ar bith | 1% | - |
| **Coireacht Áitiúil** | | |
| Fadhb fhíor-thromchúiseach | 4% | 10% |
| Fadhb thromchúiseach | 17% | 34% |
| Fadhb éigin | 50% | 42% |
| Fadhb ar bith | 27% | 13% |
| Ní fios/Freagra ar bith | 2% | - |

## Achoimre

- **Léiríodh sa suirbhé ón mblian 2016 go raibh sciar na n-íospartach coireachta (8%) sa sampla ní b'ísle ná an méid a taifeadadh i sampla na bliana 2015 (11%).**
- **Ba iad na cineáil choireachta ba choitianta a chonaic íospartaigh ná an bhruigléireacht (28%), an damáiste coiriúil (17%) agus an t-ionsaí (11%).**
- **Thuairiscigh 79% de na híospartaigh choireachta a dtaithí choiriúil leis An Garda Síochána; ba í an bhuirgléireacht an choir ba mhó a tuairiscíodh, leis an robáil (ó réadmhaoin) agus goid gluaisteáin sna sála uirthi.**
- **Ba é an fáth ba choitianta a luadh gan coir a thuairisciú ná 'nach raibh an choir tromchúiseach a dóthain' (30%).**
- **Thuairiscigh 57% de na híospartaigh go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána; dúirt 48% go bhfuair siad an leibhéal faisnéise ceart nuair a bhíothas ag dul ar aghaidh lena dteagmhas.**
- **Ba dhóichí d'íospartaigh na coireacht chun breathnú ar an gcoireacht náisiúnta agus áitiúil mar fhadhb fhíor-thromchúiseach i gcomparáid le neamh-íospartaigh.**

Is amhlaidh a dhéanfar iniúchadh sna codanna breise ar thionchar na híospartha ar fhaitíos agus ar imní na bhfreagróirí faoin gcoireacht, faoina dtosaíochtaí póilíneachta, faoina sástacht leis an tseirbhís agus faoina n-iontaoibh in An Garda Síochána, chomh maith lena dtuairimí ar eagras an Gharda féin.

# Faitíos agus Imní faoin gCoireacht




Faoi mar a luadh ag tús na tuarascála seo, cuireadh sraith codanna nua leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sa bhliain 2016. Rinneadh iniúchadh sna codanna ar fhaitíos na bhfreagróirí roimh an gcoireacht i gcoitinne, an dóchúlacht a bhaith siad dá n-íospairt, agus ar a mhéid agus a chuaigh a 'bhfaitíos roimh choireacht' i bhfeidhm ar cháilíocht a mbeatha. Is éard is aidhm leis na ceisteanna sin ná chun tuiscint níos fearr a fháil ar an imní phoiblí faoin gcoireacht.

**Thuairiscigh móramh na ndaoine gur bheag faitíos nó nach raibh faitíos ar bith acu faoin gcoireacht, cé go raibh daoine eile imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta níor fheidhmigh a bhfaitíos sin tionchar ar cháilíocht a mbeatha den chuid ba mhó acu.**


Tosaímid ach faitíos fhreagróirí roimh choireacht a iniúchadh.

## Faitíos roimh leibhéal na coireachta in Éirinn

Soláthraítear i bhfigiúr 6 forbhreathnú ar shonraí fhaitíos roimh choireacht; thuairiscigh 6% de na freagróirí i rith na bliana 2016 gur bhain go leor faitíos dóibh faoin gcoireacht, thuairiscigh 31% roinn faitíos, thuairiscigh 29% fíorbheagán faitíos, agus mhaígh os cionn trian amháin nach raibh faitíos ar bith acu faoi leibhéal na coireachta trí chéile.

Léiríodh leis an iniúchadh ar athruithe le himeacht ama gur tharla titim idir R1 agus R4 na bliana 2016 i gcomhréir na rannpháirtithe ar bhain go leor faitíos dóibh faoi leibhéal na coireachta (7% v. 4%), chomh maith le roinnt faitíos faoi leibhéal na coireachta (36% v. 28%). Tharla méadú suntasach sa líon a thuairiscigh faitíos ar bith roimh an gcoireacht (27% v. 35%) i rith na tréimhse úd (féach tábla 13).

**Figiúr 6: Leibhéil Fhaitíos roimh choireanna in Éirinn 2016**



**Tábla 13: Athruithe sna fatís phearsanta faoi leibhéal na coireachta idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Baineann go leor faitíos faoi leibhéal na coireachta | 7% | 8% | 6% | 4% | * |
| Baineann roinnt faitíos faoi leibhéal na coireachta | 36% | 31% | 27% | 28% | * |
| Baineann fíor-bheagán faitíos faoi leibhéal na coireachta | 28% | 26% | 28% | 32% | |
| Baineann faitíos ar bith faoi leibhéal na coireachta | 27% | 33% | 38% | 35% | * |
| Ní fios | - | - | - | - | |

## Faitís faoi leibhéal na coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Tugtar miondealú torthaí de réir saintréithe déimeagrafacha i dTábla 14. Thuairiscigh ní ba mhó fir ná mná nach raibh faitíos ar bith orthu faoi leibhéal na coireachta trí chéile (37% v. 29%). Tháinig méadú ar an bhfaitíos roimh leibhéal na coireachta leis an dul in aois. Ní raibh difríochtaí suntasacha ar bith ann nuair a rinneadh iniúchadh ar an bhfaitíos roimh choireacht de réir grúpálacha aicme sóisialta. Ba dhóichí do náisiúnaigh Neamh-Éireannacha chun tuairisciú nach raibh faitíos ar bith acu roimh leibhéal na coireachta (45%), agus ba neamhdhóichí do náisiúnaigh Éireannacha chun é sin a thuairisciú (31%).

B'airde an sciar d'fhreagróirí ar bhain go leor nó roinnt faitíos dóibh faoi leibhéal na coireachta i mBaile Átha Cliath (45%) agus b'ísle i gConnachta/Ulaidh (26%) é. Thuairiscigh ní ba mhó frearóirí sna ceantair 'chathrach' go leor nó roinnt faitíos faoin gcoireacht (44%) i gcomparáid le feagróirí 'uirbeacha eile' (33%) agus 'tuaithe' (32%). Ní raibh gaol ar bith ag achar na bhfreagróirí ar shiúl ó stáisiún áitiúil an Gharda leis an bhfaitíos roimh leibhéil na coireachta (féach tábla 15).

**Tábla 14: Faitíos roimh choireanna in Éirinn i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **AB** | **C1** | **C2** | **DE** | **F** | **Éireannach** | **Neamh-Éireannach** |
| Baineann go leor faitíos faoi leibhéal na coireachta | 6% | 7% | - | 4% | 7% | 7% | 8% | 10% | 7% | 6% | 6% | 7% | - | 7% | 4% |
| Baineann roinnt faitíos faoi leibhéal na coireachta | 28% | 33% | 17% | 25% | 33% | 36% | 34% | 35% | 31% | 30% | 31% | 30% | 31% | 32% | 20% |
| Baineann beagán faitíos faoi leibhéal na coireachta | 28% | 29% | 28% | 29% | 30% | 26% | 31% | 29% | 29% | 31% | 27% | 27% | 33% | 29% | 29% |
| Faitíos ar bith faoi leibhéal na coireachta | 37% | 29% | 50% | 40% | 30% | 30% | 27% | 24% | 33% | 32% | 35% | 34% | 31% | 31% | 45% |
| Ní fios | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | - |

**Tábla 15: Faitíos roimh choireanna in Éirinn i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **eile Uirbeach** | **Tuaithe** | **<1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Baineann go leor faitíos faoi leibhéal na coireachta | 11% | 4% | 6% | - | 10% | 4% | 4% | 8% | 7% | 5% | 5% | - |
| Baineann roinnt faitíos faoi leibhéal na coireachta | 34% | 28% | 34% | 23% | 34% | 29% | 28% | 32% | 30% | 29% | 29% | 31% |
| Baineann beagán faitíos faoi faoi leibhéal na coireachta | 27% | 32% | 26% | 31% | 28% | 30% | 29% | 28% | 29% | 27% | 32% | 29% |
| Faitíos ar bith faoi leibhéal na coireachta | 26% | 34% | 33% | 43% | 26% | 37% | 38% | 31% | 32% | 39% | 34% | 32% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

## Faitíos roimh choireanna agus taithí na híospartha

Thuairiscigh sciar ní ba mhó d'íospartaigh choireachta go leor faitíos faoin gcoireacht i gcomparáid leo siúd nach raibh ina n-íospartaigh le hos cionn 12 mí anuas (16% v. 6%). Ba neamhdhóichí d'íospartaigh na coireachta chun faitíos ar bith faoin gcoireacht a thuairisciú. Féach tábla 16.

**Tábla 16: Faitíos roimh choireanna de réir na híospartha**

| | **Gan bheith in íospartach coireachta** | **Íospartach coireachta** |
|---|---|---|
| Baineann go leor faitíos faoi leibhéal na coireachta | 6% | 16% |
| Baineann roinnt faitíos faoi leibhéal na coireachta | 30% | 38% |
| Baineann beagán faitíos faoi leibhéal na coireachta | 29% | 28% |
| Faitíos ar bith faoi leibhéal na coireachta | 35% | 17% |

## An dtéannn faitíos roimh choireanna i bhfeidhm ar bhraistintí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil?

Ba iad na freagróirí a thuairiscigh leibhéil arda fhaitíos roimh choireacht an choireacht náisiúnta agus áitiúil ina fadhb ní ba thromchúisí ná iad siúd gan faitíos ar bith roimh leibhéal na coireachta.

- Díobh siúd a thuairiscigh faitíos ar bith faoi leibhéal na coireachta, bhreithnigh 26% an choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, i gcomparáid le 64% a cheap nach raibh fadhb ar bith leis.
- Cosúil leis sin, bhí braistintí ní b'ísle acu siúd gan faitíos ar bith roimh an gcoireacht i gcoitinne i leith thromchúis na faidhbe coireachta go háitiúil (féach tábla 17).

Téitear ar aghaidh sa chaibidil seo chun leibhéil faitís a thaiscéaladh faoi bheith ina n-íospartach coireachta, chomh maith leis an tionchar a bhíonn ag an bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht na beatha ag freagróirí.

## Braistint i leith dóchúlacht na híospartha


Fiafraítear d'fhreagróirí sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail an mbíonn siad imníoch faoi bheith ina n-íospartach nó go mbeadh duine ar bith a chónaíonn leo ina n-íospartach den díobháilt phearsanta, coireacht réadmhaoine, nó den dá cheann.

Léirítear i bhfigiúr 7 go raibh 5% de na freagróirí imníoch faoi dhíobháil phearsanta, mhaígh 12% gurbh eagla dóibh bheith ina n-íospartach coireachta réadmhaoine, bhí 37% acu imníoch faoi bheith ina n-íospartach den dhíobháil phearsanta agus den choireacht réadmhaoine araon, agus thuairiscigh líon mór freagróirí (46%) gan bheith imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta ar bith.

**Tábla 17: Faitíos roimh choireanna de réir braistintí fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith |
| Baineann go leor faitíos faoi leibhéal na coireachta | 12% | 5% | 1% | - | 23% | 13% | 5% | 2% |
| Baineann roinnt faitíos faoi leibhéal na coireachta | 38% | 32% | 19% | 10% | 41% | 38% | 32% | 20% |
| Baineann fíor-bheagán faitíos faoi leibhéal na coireachta | 24% | 30% | 36% | 24% | 20% | 26% | 31% | 28% |
| Baineann faitíos ar bith faoi leibhéal na coireachta | 26% | 33% | 42% | 64% | 15% | 22% | 31% | 48% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Figiúr 7: Braistint i leith dóchúlacht na híospartha 2016**




Faoi mar is féidir a fheiceáil i dtábla 18 tháinig laghdú ó 16% chuig 9% idir R1 agus R4 ar líon na bhfreagróirí a chreid go mbeidís ina n-íospartach do dhamháiste nó do ghoid a réadmhaoine. Tharla méadú sa tréimhse chéanna i sciar na bhfreagróirí a thuairiscigh gan bheith imníoch fúthu féin nó faoi dhuine éigin a chónaíonn leo bheith ina n-íospartach coireachta (40% v. 47%).

**Tábla 18: Athrú um braistintí i leith na híospartha idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Imníoch faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 6% | 5% | 4% | |
| Imníoch faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 16% | 13% | 9% | 9% | * |
| Bíonn imníoch faoin dá cheann | 39% | 33% | 36% | 40% | |
| Ní bhíonn imníoch | 40% | 48% | 49% | 47% | |
| Ní fios | - | - | - | - | |

## Braistint i leith dhóchúlacht na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Bhí sciar ní ba mhó de mhná ná fir imníoch faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta agus gada nó damáiste réadmhaoine araon (41% i gcomparáid le 33%). Faoi mar a léirítear i dtábla 19 léiríodh san treochtaí thar aoisghrúpaí gur neamhdhóichí d'fhreagróirí ní b'óige chun bheith imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta. Níor léir difríochtaí suntasacha thar na grúpálacha aicme sóisialta. Thuairiscigh sciar ní ba mhó de náisiúnaigh Neamh-Éireannacha gan bheith imníoch faoin íospairt (55%) i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (44%).

Nuair a rinneadh iniúchad ar an íospairt, thuairiscigh 61% d'fhreagróirí i gConnachta/Ulaidh gan bheith imníoch i gcomparáid le 36% d'fhreagróirí ó Bhaile Átha Cliath. Ní raibh

i bhfad ní ba mhí freagróirí ó cheantair 'uirbeacha eile' (50%) agus 'tuaithe' (51%) imníocht faoin íospairt i gcomparáid leo siúd a chónaigh sna ceantair 'chathrach' (38%) (féach tábla 20).

## An dtéann taithí na híospartha i bhfeidhm ar dhóchúlacht bhraite na hathíospartha?

Ba dhóichí d'fhreagróir a bhí ina n-íospartach coireachta sa 12 mí roimh a n-agallamh chun iad féin a bhrath de bheith i mbaol a thuilleadh athíospartha; bhreithnigh 47% d'íospartaigh choireachta le déanaí iad féin de bheith i mbaol díobhála pearsanta agus gada nó damáiste réadmhaoine araon i gcomparáid le 36% d'fhreagróirí nach raibh ina n-íospartaigh choireachta.

**Tábla 21: Braistint i leith dhóchúlacht na hathíospartha de réir íospartha**

| | Gan bheith mar íospartach | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Imníoch faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 10% |
| Imníoch faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 11% | 19% |
| Bíonn imníoch faoin dá cheann | 36% | 47% |
| Ní bhíonn imníoch | 48% | 24% |
| Ní fios | 1% | - |

## Braistint i leith dhóchúlacht na híospartha de réir fhaitíos roimh choireanna

Féadann leibhéal faitís duine go mbeidh siad ina n-íospartach coireachta teacht faoi thionchar a rátála d'fhaitís roimh choireacht trí chéile. Faoi mar a bhíothas in amhras fao, na daoine úd a shíl gur dhóichí dóibh bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta, gada nó damáiste réadmhaoine, nó an dá cheann; thuairiscigh siad leibhéil fhaitíos ní ba mhó roimh choireacht i gcoitinne ná iad siúd nach raibh imníoch faoi (féach tábla 22).

**Tábla 22: Braistint i leith dhóchúlacht na híospartha de réir fhaitíos roimh choireanna**

| | Faitíos faoin leibhéal coireachta i gcoitinne | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Go leor faitíos** | **Roinnt faitíos** | **Fíorbheagán faitíos** | **Faitíos ar bith** |
| Bíonn imníoch faoi dhíobháil phearsanta | 19% | 8% | 3% | - |
| Bíonn imníoch faoi ghoid nó damáiste réadmhaoine | 10% | 22% | 12% | 3% |
| Bíonn imníoch faoin dá cheann | 63% | 52% | 47% | 10% |
| Ní bhíonn imníoch | 8% | 18% | 37% | 86% |

**Tábla 19: Braistintí i leith dóchúlacht na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **AB** | **C1** | **C2** | **DE** | **F** | **Éireannach** | **Neamh-Éireannach** |
| Bíonn imníoch faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 5% | 4% | 4% | 4% | 6% | 5% | 6% | 5% | 5% | 5% | 5% | - | 5% | 4% |
| Imníoch faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 12% | 12% | 9% | 11% | 13% | 12% | 13% | 12% | 12% | 14% | 11% | 10% | 14% | 12% | 9% |
| Bíonn imníoch faoin dá cheann | 33% | 41% | 23% | 34% | 39% | 41% | 40% | 42% | 34% | 37% | 38% | 37% | 38% | 38% | 30% |
| Ní bhíonn imníoch | 50% | 42% | 63% | 51% | 43% | 40% | 42% | 40% | 49% | 44% | 46% | 47% | 44% | 44% | 55% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 20: Braistint na dóchúlachta i leith na híospartha de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Bíonn imníoch faoi dhíobháil phearsanta | 8% | 2% | 6% | 2% | 8% | 3% | 3% | 6% | 6% | 4% | - | - |
| Imníoch faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 14% | 14% | 8% | 12% | 12% | 12% | 12% | 12% | 12% | 11% | 11% | 12% |
| Bíonn imníoch faoin dá cheann | 42% | 40% | 37% | 24% | 42% | 35% | 33% | 35% | 39% | 37% | 34% | 34% |
| Ní bhíonn imníoch | 36% | 44% | 49% | 61% | 38% | 50% | 51% | 46% | 44% | 47% | 51% | 50% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 23: Braistintí i leith dhóchúlacht na híospartha de réir braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fadhb fhíor-thromchúiseach** | **Fadhb thromchúiseach** | **Fadhb éigin** | **Fadhb ar bith** | **Fadhb fhíor-thromchúiseach** | **Fadhb thromchúiseach** | **Fadhb éigin** | **Fadhb ar bith** |
| Bíonn imníoch faoi dhíobháil phearsanta | 6% | 5% | 2% | - | 13% | 7% | 4% | 3% |
| Imníoch faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 12% | 12% | 11% | - | 19% | 16% | 12% | 8% |
| Bíonn imníoch faoin dá cheann | 45% | 35% | 31% | 7% | 52% | 47% | 40% | 21% |
| Ní bhíonn imníoch | 37% | 47% | 54% | 78% | 16% | 29% | 43% | 67% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - |

## Braistintí i leith dhóchúlacht na híospartha agus braistint i leith fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla

Chonacthas sa chuid roimhe seo gur bhain braistintí i leith thromchúis fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla le leibhéil ní b'airde d'fhaitíos roimh choireacht. Féadann leibhéal imní duine go mbeidh siad ina n-íospartach coireachta dul i bhfeidhm freisin ar a mbraistintí den choireacht náisiúnta agus áitiúil. Léirítear i dTábla 23 go mbreithníonn na freagróirí a léiríonn leibhéil imní arda faoi bheith ina n-íospartach coireachta an choireacht náisiúnta agus áitiúil mar fhadhb ní ba thromchúisí ná iad siúd nach raibh imníoch faoi dhóchúlacht bhraithe na híospartha.

I measc iad siúd a bhí imníocht faoin díobháil phearsanta agus faoi ghoid nó damáiste do mhaoin, mhaígh 45% acu go raibh an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach; i measc iad siúd nach raibh imní ar bith orthu bheith ina n-íospartach coireachta, mhaígh 37% go raibh an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach. Ba léir difríochtaí ní ba shuntasaí nuair a rinneamar iniúchadh ar dhóchúlacht bhraite na híospartha agus ar bhraistintí na coireachta áitiúla. 52% díobh siúd a bhí imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta de dhíobháil phearsanta agus coireacht mhaoine araon; bhreithnigh siad an choireacht áitiúil ina fadhb i gcomparáid le 16% díobh siúd nach raibh imníocht faoin íospairt.

## Tionchar fhaitíos roimh choireanna ar cháilíocht na beatha i measc na bhfreagróirí


Is achrannach iad an faitíos agus an imní faoin gcoireacht má bhíonn tionchar diúltach acu ar cháilíocht na beatha leis an duine. Rinneadh iniúchadh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail dá réir faoin méid tionchair a bhain le faitíos roimh choireacht do cháilíocht na beatha ag freagróirí.

Thug móramh na bhfreagróirí le fios nach ndeachaigh an faitíos roimh choireacht i bhfeidhm ar a gcáilíocht go suntasach.

Thuairiscigh 1% d'fhreagróirí i rith na bliana 2016 gur laghdaíodh go mór cáilíocht a mbeatha leis an bhfaitíos roimh choireacht, thuairiscigh 3% gur laghdaíodh go suntasach cáilíocht a mbeatha, dúirt 13% gur laghdaíodh go measartha í, dúirt 21% gur laghdaíodh go hábhairín í, agus thuairiscigh fuílleach an 61% daoine nár laghdaíodh cáilíocht a mbeatha lena bhfaitíos roimh choireacht.

Léirítear sna hathruithe idir R1 agus R4 2016 gur thuairiscigh ní ba lú freagróirí faoi dheireadh na bliana gur laghdaíodh cáilíocht a mbeatha go suntasach nó go measartha lena bhfaitíos roimh choireacht, agus tháinig méadú ar an líon daoine a thuairiscigh tionchar ar bith ar cháilíocht a mbeatha.

**Figiúr 8: Tionchar fhaitíos roimh choireanna ar cháilíocht na beatha**




**Tábla 24: Athruithe sa tionchar ar cháilíocht na beatha idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Cáilíocht rílaghdaithe | - | 2% | - | - | |
| Cáilíocht rólaghdaithe | 4% | 4% | 2% | - | * |
| Cáilíocht chuibheasach laghdaithe | 16% | 12% | 11% | 12% | * |
| Cáilíocht ábhairín laghdaithe | 21% | 21% | 20% | 23% | |
| Tionchar ar bith ar cháilíocht | 57% | 61% | 65% | 62% | * |
| Ní fios | - | - | - | - | |

## Tionchar 'fhaitíos roimh choireacht' ar cháilíocht na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Thuairiscigh ní ba mhó fear ná ban nach raibh tionchar ar bith ar cháilíocht a mbeatha ag an bhfaitíos roimh choireacht (65% v. 58%). Ba dhóichí i measc na ndaoine sna haoisghrúpaí ní ba shine chun tuairisciú gur fheidhmigh an choireacht tionchar a cháilíocht a mbeatha. Ní fhacthas difríochtaí suntasacha ar bith sna treochtaí thar na grúpálacha aicme sóisialta. Ar deireadh, thuairiscigh sciar ní ba mhór de náisiúnaigh Neamh-Éireannacha nach raibh tionchar ar bith ag a bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha (68%) ná náisiúnaigh Éireannach (60%).

Bhain na laghduithe a braitheadh i gcáilíocht na beatha ag freagróirí lena bhfaitíos roimh choireacht de réir grúpála ceantair; rud a léirítear i dtábla 26. Thuairiscigh freagróirí ó

Bhaile Átha Cliath an tionchar ba mhó ar cháilíocht a mbeatha, agus thuairiscigh na freagróirí úd i gConnachta/Ulaidh an leibhéal tionchair ab ísle. Thuairiscigh freagróirí 'Cathrach' tionchar ní ba mhó ná freagróirí 'uirbeacha eile' agus tuaithe. Ba bheag tionchar a bhain le hachar na bhfreagróirí ó stáisiún an Gharda ar an tionchar a bhain lena bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht na beatha ag an bhfreagróir..

## Cén chaoi a dtéann an faitíos roimh choireacht i bhfeidhm ar cháilíocht na beatha i measc na n-íospartach coireachta

Ba dhóichí d'íospartaigh na coireachta chun laghdú i gcáilíocht a mbeatha a thuairisciú de bharr an fhaitís roimh choireacht i gcomparáid le neamh-íospartaigh (63% v. 37%).

**Tábla 27: Tionchar 'fhaitíos roimh coireacht' ar cháilíocht na beatha de réir íospartha**

| | Gan bheith in íospartach coireachta | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Cáilíocht rílaghdaithe | 1% | - |
| Cáilíocht rólaghdaithe | 3% | 8% |
| Cáilíocht chuibheasach laghdaithe | 12% | 21% |
| Cáilíocht ábhairín laghdaithe | 20% | 29% |
| Tionchar ar bith ar cháilíocht | 63% | 37% |
| Ní fios | - | - |

## An iad siúd leis na leibhéil fhaitíos roimh choireacht agus imní faoin íospairt níos airde a thuairiscíonn an tionchar is mó?

Faoi mar a bheifí ag dúil leis, óir gur laghdaíodh an tionchar diúltach ar cháilíocht na beatha i measc na bhfreagróirí agus an leibhéal fhaitíos roimh choireacht ag laghdú. Is féidir é sin a fheiceáil go follasach i dtábla 28.

Ba iad na freagróirí ar bhain imní dóibh faoi dhíobháil phearsanta a thuairiscigh an tionchar ba mhó ar cháilíocht a mbeatha.

## An tionchar a bhain leis an bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht na beatha le freagróirí agus an chaoi ar bhraith siad an choireacht go háitiúil agus go náisiúnta?

Taiscéaladh freisin braistintí na bhfreagróirí i leith na coireachta náisiúnt agus áitiúla freisin chun fáil amach ar athraigh na braistintí úd ag brath ar ar thuairiscigh freagróirí cáilíocht na beatha laghdaithe de bharr a bhfaitís roimh choireacht. Cosúil lenar tuairiscíodh sa dá chuid roimhe sin:

- Díobh siúd a thuairiscigh go ndeachaigh an faitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeartha, bhreithnigh 46% an choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, i gcomparáid le 23% a cheap nach raibh fadhb ar bith leis.
- Na freagróirí a thuairiscigh laghdú ar bith i gcáilíocht a mbeatha; ba dhóichí gur thuairiscigh siad nach raibh fadhb ar bith leis an gcoireacht áitiúil (81%) seachas bheith ina fhíor-thromchúiseach (33%)(féach tábla 29).

**Tábla 25: Tionchar 'fhaitíos roimh choireacht' ar cháilíocht na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Cáilíocht rílaghdaithe | 1% | 2% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 0% | - | 1% | - |
| Cáilíocht rólaghdaithe | 3% | 3% | - | 2% | 3% | 4% | 4% | 4% | - | 3% | 3% | 3% | - | 3% | - |
| Cáilíocht chuibheasach laghdaithe | 11% | 14% | 5% | 10% | 14% | 13% | 16% | 17% | 12% | 12% | 12% | 14% | 10% | 13% | 10% |
| Cáilíocht ábhairín laghdaithe | 19% | 23% | 16% | 20% | 21% | 22% | 22% | 25% | 18% | 21% | 21% | 21% | 28% | 22% | 17% |
| Tionchar ar bith ar cháilíocht | 65% | 58% | 76% | 66% | 61% | 59% | 56% | 51% | 65% | 62% | 62% | 59% | 60% | 60% | 68% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 26: Tionchar 'fhaitíos roimh choireacht' ar cháilíocht na beatha de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Cáilíocht rílaghdaithe | 4% | - | - | - | 3% | - | - | - | 2% | - | - | - |
| Cáilíocht rílaghdaithe | 6% | 3% | - | - | 5% | 2% | 2% | - | 4% | 3% | - | - |
| Cáilíocht chuibheasach laghdaithe | 19% | 15% | 10% | 4% | 17% | 10% | 10% | 13% | 13% | 13% | 10% | 11% |
| Cáilíocht ábhairín laghdaithe | 23% | 24% | 21% | 13% | 22% | 21% | 20% | 18% | 22% | 21% | 22% | 21% |
| Tionchar ar bith ar cháilíocht | 47% | 57% | 67% | 82% | 52% | 66% | 67% | 63% | 59% | 61% | 66% | 66% |
| Ní fios | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 28: Tionchar 'fhaitíos roimh choireacht' ar cháilíocht na beatha de réir fhaitíos roimh choireacht agus imní faoin íospairt**

| | Faitíos roimh choireanna | | | | Faitíos faoin íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Go leor faitíos** | **Roinnt faitíos** | **Fíorbheagán fatíos** | **Faitíos ar bith** | **Imníoch faoi díobháil phearsanta** | **Bíonn imníoch faoi ghoid nó damáiste maoine** | **Bíonn imníoch faoin dá cheann** | **Ní bhíonn imníoch** |
| Cáilíocht rólaghdaithe | 17% | - | - | - | 15% | - | 1% | - |
| Cáilíocht rílaghdaithe | 17% | 6% | - | - | 10% | 7% | 4% | - |
| Cáilíocht chuibheasach laghdaithe | 26% | 24% | 11% | - | 19% | 24% | 21% | 3% |
| Cáilíocht ábhairín laghdaithe | 19% | 28% | 31% | 6% | 23% | 27% | 36% | 8% |
| Tionchar ar bith ar cháilíocht | 20% | 41% | 56% | 92% | 33% | 41% | 38% | 89% |

**Tábla 29: Tionchar 'fhaitíos roimh choireanna' ar cháilíocht na beatha de réir fhaitíos roimh choireacht agus imní faoin íospairt problem**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fadhb fhíor-thromchúiseach** | **Fadhb thromchúiseach** | **Fadhb éigin** | **Fadhb ar bith** | **Fadhb fhíor-thromchúiseach** | **Fadhb thromchúiseach** | **Fadhb éigin** | **Fadhb ar bith** |
| Cáilíocht rílaghdaithe | 2% | 1% | - | - | 9% | 4% | - | - |
| Cáilíocht rílaghdaithe | 4% | 3% | 1% | - | 9% | 7% | 2% | - |
| Cáilíocht chuibheasach laghdaithe | 16% | 11% | 11% | - | 29% | 20% | 12% | 6% |
| Cáilíocht ábhairín laghdaithe | 24% | 21% | 20% | 9% | 20% | 25% | 25% | 12% |
| Tionchar ar bith ar cháilíocht | 54% | 64% | 67% | 77% | 33% | 44% | 60% | 81% |

## Achoimre

- **Tháinig laghdú ar leibhéil an fhaitís roimh choireacht idir R1 agus R4 2016, tháinig méadú ar sciar na bhfreagróirí nár bhain imní dóibh faoi bheith ina n-íospartach coireachta, agus thuairiscigh sciar ní ba mhó d'fhreagróirí nach raibh tionchar ar bith ag a bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha.**
- **Thuairiscigh 66% de na daoine roinnt faitís roimh leibhéal na coireachta trí chéile; thuairiscigh 38% go raibh roinnt tionchair ag a bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha; agus bhí 54% d'fhreagróirí imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta - an díobháil phearsanta, goid nó damáiste maoine, nó an dá cheann.**
- **Thuairiscigh mná leibhéil fhaitíos roimh choireacht, imní faoin íospairt ní b'airde; agus thuairiscigh tionchar ní ba mhó ar cháilíocht a mbeatha i gcomparáid leis na fir.**
- **Tháinig méadú ar an bhfaitíos faoi leibhéal na coireachta trí chéile agus ar an imní faoi bheith ina n-íospartach coireachta leis an méadú in aois; thuairiscigh na daoine sna haoisghrúpaí ní ba shine gur bhain an tionchar ba mhó lena bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha.**
- **Thuairiscigh na freagróirí i mBaile Átha Cliath an leibhéal faitís ab airde roimh choireacht trí chéile, bhí an sciar ab ísle d'fhreagróirí iontu ag tuairisciú nach raibh siad imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta, agus thuairiscigh gur bhain an tionchar ba mhó leis an bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha i gcomparáid le réigiúin eile.**
- **Bhí leibhéil ní b'airde den fhaitíos roimh choireacht i measc na n-íospartach coireachta, den imní ba mhó faoi bheith ina n-íospartach coireachta; agus thuairiscigh gur bhain an tionchar ba mhó leis an bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha.**
- **Faoi mar a bheifí ag dúil leis, tháinig méadú ar a bhfaitíos roimh choireacht, imní faoin íospairt agus tionchar an fhaitís roimh choireacht ar cháilíocht na beatha de réir mar a tháinig méadú ar bhraistintí na bhfreagróirí faoi fhadhb na coireachta.**

Is deacair a fháil amach arb iad na braistintí faoi thromchúis na coireachta is cúis leis an bhfaitíos roimh choireacht, leis an imní faoin íospairt agus faoin gcaoi ina dtéann sé sin i bhfeidhm ar cháilíocht na beatha i measc na bhfreagróirí, nó an dtugann na daoine le faitíos nó le himní faoin gcoireacht níos mó airde do leibhéil na coireachta náisiúnta agus áitiúila le hais na ndaoine nach mbaineann faitíos roimh choireacht dóibh. Tá sé tábhachtach chun tabhairt faoi deara cé go bhféadann braistintí tionchar a fheidhmiú ar an bhfaitíos agus ar an imní faoin gcoireacht, féadann an faitíos roimh choireacht tionchar a fheidhmiú freisin ar bhraistintí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla.

Rinneadh iniúchadh sna codanna amach romhain sa chaoi ina dtéann na leibhéil sástachta leis an tseirbhís a thugann An Garda Síochána do phobail áitiúla, agus an iontaoibh in eagrúchán an Gharda, chomh maith leis na braistintí de, i bhfeidhm ar an bhfaitíos agus an imní faoin gcoireacht.

# Tosaíochtaí Póilíneachta do An Garda Síochána

Amhail na Suirbhéanna ar Dhearcadh an Phobail roimhe seo, fiafraíodh d'fhreagróirí faoin tosaíocht a thabharfaidís do thascanna póilíneachta. Cuireadh ceisteanna i ndáil le tosaíochtaí póilíneachta uair amháin in aghaidh an ráithe, i míonna Eanáir, Aibreáin, Iúil agus Dheireadh Fómhair; is ionann méid iomlán tsampla don chuid seo agus 2,000 freagróir.

## Tosaíochtaí Póilíneachta do An Garda Síochána

Iarradh ar fhreagróirí chun moladh a thabhairt i leith na dtosaíochtaí arda, meánacha agus ísle do An Garda Síochána. D'fhéadfaí ní ba mhó ná saincheist amháin a roghnú sna catagóirí tosaíochta.

- **Ardtosaíochtaí:** Ba iad na robálacha (thug 91% de na freagróirí í sin mar shaincheist tosaíochta dóibhsean), na cionta gnéasacha (91%) agus na hairm mhídhleathacha (90%) na tosaíochtaí ab airde do na freagróirí.
- **Meántosaíochtaí:** Ba iad na cionta oird phoiblí (38% d'fhreagróirí a d'aithin an méid sin mar thosaíocht mheánach dóibhsean), na cionta tráchta (26%) agus an damáiste coiriúil (25%) na meántosaíochtaí ab airde a d'aithin na faighteoirí.
- **Tosaíochtaí ísle:** d'aithin freagróirí cionta oird phoiblí (13%), cionta tráchta (4%) agus an damáiste coiriúil agus an chalaois (3%) mar thosaíochtaí ísle do An Garda Síochána. Féach tábla 30 i gcomhair miondealaithe iomláin i leith fhreagraí na bhfreagróirí.

**Tábla 30: Tosaíochtaí póilíneachta arna n-aithint ag freagróirí do An Garda Síochána**

| | Ard-tosaíocht | Meán-tosaíocht | Íseal-tosaíocht |
|---|---|---|---|
| Robálacha | 91% | 8% | 1% |
| Cionta gnéasacha | 91% | 5% | 2% |
| Airm mhídhleathacha | 90% | 7% | 2% |
| Gáinneáil ar dhaoine | 88% | 7% | 2% |
| Ionsaithe | 86% | 11% | 2% |
| Cionta drugaí | 85% | 11% | 2% |
| Buirgléireachtaí | 78% | 20% | 2% |
| Calaois | 74% | 20% | 3% |
| Damáiste Coiriúil | 72% | 25% | 3% |
| Cionta tráchta | 69% | 26% | 4% |
| Cionta oird phoiblí | 48% | 38% | 13% |

## Tosaíochtaí póilíneachta do An Garda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Sannadh ranguithe i leith na dtosaíochtaí chun difríochtaí thar na grúpálacha agus na ceantair shocheacnamaíocha a mheasúnú. Sannadh ceann amháin don tosaíocht chéatadánach ab airde, agus 11 don tosaíocht ab ísle. Tugadh comhscór rangaithe dóibh siúd le hualú cothrom. Tugtar miondealú ar na torthaí i dTáblaí 31 agus 32.

Léiríodh sna torthaí, d'ainneoin gnéis, aoise, aicme sóisialta agus ceantar; gur chreid móramh mór d'fhreagróirí gur cheart do An Garda Síochána tosaíocht a thabhairt do Chionta Gnéasacha ar dtús (mheas grúpaí áirithe na robálacha bheith díreach chomh tábhachtach céanna, agus rangaigh na freagróirí i bhfuílleach Laighean seilbh agus úsáid arm mídhleathach mar an chéad tosaíocht s'acu). Roghnaigh móramh na ngrúpálacha robálacha nó seilbh nó úsáid mhídhleathach na n-arm mar na chéad tosaíochtaí ba thábhachtaí eile s'acu. Bhain comhsheasmhacht leis na trí thosaíocht ag an mbun freisin ar fud na ngrúpálacha: an damáiste coiriúil, cionta tráchta, agus cionta oird phoiblí eile.

## An dtéitear i bhfeidhm ar thosaíochtaí póilíneachta nuair a bhíonn duine ina íospartach coireachta?

Faoi mar a léirítear i dtábla 33, d'aithin íospartaigh gach coir na cionta gnéasacha agus na robálacha mar na tosaíochtaí ab airde s'acu do An Garda Síochána. B'ionann na ceithre thosaíocht ag an mbun (an chalaois, an damáiste coiriúil, cionta tráchta agus cionta oird phoiblí) nuair a rinneadh iniúchadh orthu de réir stádais íospartaigh.

D'fhéadfaí tionchar a fheidhmiú ar na tosaíochtaí freisin de réir chineál na híospartha. Is i dTábla 33 a leagtar amach na tosaíochtaí d'íospartaigh na buirgléireachta agus an damáiste choiriúil (an dá ghrúpa le méideanna sampla leordhóthanacha). D'fhan rangú na dteagmhas buirgléireachta fós ag uimhir 7 d'íospartaigh na buirgléireachta. Ba dhíol suntais ní ba mhó ámh gur mheas íospartaigh an damáiste choiriúil é mar thosaíocht ní b'airde do Ghardaí; bhog sé ó rangú 9 i measc na bhfreagróirí trí chéile chuig uimhr 2 d'íospartaigh an damáiste choiriúil.

**Tábla 31: Tosaíochtaí póilíneachta do An Garda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **AB** | **C1** | **C2** | **DE** | **F** | **Éireannach** | **Neamh-Éireannach** |
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 2 |
| Robálacha | 1 | 3 | 1 | 2 | 2 | 1 | 2 | 3 | 2 | 1 | 1 | 3 | 2 | 2 | 3 |
| Airm mhídhleathacha | 3 | 2 | 2 | 4 | 4 | 3 | 3 | 1 | 3 | 3 | 3 | 1 | 3 | 3 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 4 | 4 | 4 | 3 | 2 | 5 | 4 | 4 | 3 | 4 | 6 | 4 | 3 | 5 | 4 |
| Ionsaithe | 5 | 5 | 4 | 5 | 5 | 5 | 6 | 6 | 5 | 5 | 4 | 6 | 6 | 4 | 6 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 4 | 5 | 4 | 6 | 5 | 5 | 5 | 3 | 5 | 5 |
| Buirgléireachtaí | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 8 | 7 | 7 |
| Calaois | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 9 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 7 | 8 | 8 |
| Damáiste Coiriúil | 9 | 10 | 8 | 10 | 9 | 8 | 9 | 9 | 9 | 8 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| Cionta tráchta | 10 | 9 | 10 | 9 | 10 | 10 | 10 | 9 | 10 | 10 | 9 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 32: Tosaíochtaí póilíneachta do An Garda Síochána de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Cionta gnéasacha | 1 | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 |
| Robálacha | 1 | 2 | 2 | 2 | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 | 2 | 4 |
| Airm mhídhleathacha | 3 | 1 | 4 | 4 | 1 | 2 | 3 | 4 | 2 | 3 | 3 | 3 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 4 | 4 | 2 | 5 | 5 | 4 | 4 | 2 | 4 | 4 | 4 | 2 |
| Ionsaithe | 4 | 6 | 5 | 3 | 4 | 5 | 6 | 5 | 5 | 6 | 5 | 5 |
| Cionta drugaí | 6 | 4 | 5 | 6 | 6 | 5 | 5 | 6 | 5 | 5 | 5 | 6 |
| Buirgléireachtaí | 7 | 7 | 7 | 9 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 8 |
| Calaois | 8 | 9 | 7 | 7 | 8 | 8 | 9 | 8 | 8 | 8 | 9 | 7 |
| Damáiste Coiriúil | 10 | 8 | 9 | 9 | 10 | 9 | 9 | 10 | 9 | 9 | 8 | 9 |
| Cionta tráchta | 9 | 10 | 10 | 11 | 9 | 10 | 10 | 9 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 10 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 33: Tosaíochtaí do An Garda Síochána de réir grúpála íospartha**

| | Gan bheith mar íospartach coireachta | Ina íospartach coireachta | Íospartach na Buirgléireachta | Íospartach an damáiste choiriúil |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 3 | 3 |
| Robálacha | 2 | 1 | 1 | 1 |
| Airm mhídhleathacha | 2 | 3 | 1 | 6 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 4 | 4 | 4 | 7 |
| Ionsaithe | 5 | 5 | 5 | 8 |
| Cionta drugaí | 5 | 6 | 6 | 4 |
| Buirgléireachtaí | 7 | 7 | 7 | 5 |
| Calaois | 8 | 8 | 7 | 9 |
| Damáiste Coiriúil | 9 | 9 | 9 | 2 |
| Cionta tráchta | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

## Tosaíochtaí póilíneachta do An Garda Síochána de réir fhaitíos roimh choireanna

Chuaigh an leibhéal fhaitíos roimh choireacht trí chéile i bhfeidhm ar thuairimí na bhfreagróirí faoin méid ar cheart d'eagras an Gharda díriú air. Faoi mar a léirítear i dtábla 34 ba iad na freagróirí leis an bhfaitíos ba mhó roimh choireacht a thug tosaíocht do robálacha thar chionta gnéasacha. B'ionann na ceithre thosaíocht ag an mbun d'ainneoin leibhéal an fhaitís roimh choireacht.


**Tábla 34: Tosaíochtaí póilíneachta do An Garda Síochána de réir leibhéal an fhaitís roimh choireanna**

| | Go leor faitíos | Roinnt faitíos | Fíorbheagán fatíos | Faitíos ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 3 | 2 | 1 | 1 |
| Robálacha | 1 | 1 | 2 | 2 |
| Airm mhídhleathacha | 2 | 3 | 2 | 2 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 6 | 4 | 4 | 4 |
| Ionsaithe | 4 | 5 | 5 | 6 |
| Cionta drugaí | 5 | 5 | 6 | 5 |
| Buirgléireachtaí | 6 | 7 | 7 | 7 |
| Calaois | 9 | 8 | 8 | 8 |
| Damáiste Coiriúil | 8 | 9 | 9 | 8 |
| Cionta tráchta | 10 | 9 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

## Achoimre

- **Bhraith na freagróirí go mba cheart gurbh iad na cionta gnéasacha, na robálacha, agus úsáid nó seilbh na n-arm mídhleathach na tosaíochtaí ab airde do An Garda Síochána. D'fhan siad sin mar a chéile thar na grúpálacha soch-dhéimeagrafacha agus ceantair.**
- **Measadh na cionta oird phoiblí, cionta tráchta agus an damáiste coiriúil mar thosaíochtaí ní b'ísle i measc na bhfreagróirí.**
- **Thug na freagróirí le leibhéil fhaitíos roimh choireacht ní b'airde tosaíocht do robálacha thar na cionta gnéasacha.**

# Infheictheacht an Gharda




Cuireadh sraith ceisteanna i rith na bliana 2016 faoi láithreacht An Garda Síochána i gceantair áitiúla na bhfreagróirí. Áiríodh leis sin feasacht i leith phatróil an Gharda, chomh maith leis an tuairim maidir leis an leibhéal láithreachta Garda.

**Thuairiscigh timpeall aon trian amháin de na freagróirí feasacht i leith phatróil an Gharda, agus shíl comhréir chomhchosúil go raibh láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil ag an leibhéal 'ceart'.**


## Feasacht i leith phatról an Gharda

Faoi mar is léir i bhFigiúr 9, thuairiscigh 35% de na freagróirí go mbíodh Gardaí ar patról ina gceantar áitiúil go rialta, mhaígh 56% nárbh fheasach dóibh i leith na bpatról, agus thuairiscigh 9% nach raibh a fhios acu. Ba í an fheasacht faoi phatról na nGardaí i ngluaisteáin an ceann ba choitianta, le 97% ag tuairisciú gurbh fheasach dóibh é sin bheith ar siúl go rialta (féach tábla 35).

**Tábla 35: Cleachtais phatróil an Gharda**

| | |
|---|---|
| Feasach i leith phatról an Gharda | 35% |
| *Coise* | *16%* |
| *Rothair* | *10%* |
| *Gluaisteáin* | *97%* |
| Gan bheith feasach i leith phatról an Gharda | 56% |
| Ní fios | 9% |

**Figiúr 9: Feasacht faoi phatról an Gharda le linn 2016**




## Athruithe um fheasacht faoi phatról an Gharda idir R1 agus R4 2016

Ba é an t-aon athrú suntasach idir R1 agus R4 2016 ná an ceann thar na freagraí nach raibh a fhios acu; thuairiscigh sciar ní ba lú nach raibh a fhios acu má bhíodh na Gardaí ar patról ina gceantar go rialta i ráithe a ceathair (féach tábla 36).

**Tábla 36: Athruithe um fheasacht faoi láithreacht an Gharda idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Feasach i leith phatról an Gharda | 33% | 34% | 37% | 36% | |
| Gan bheith feasach i leith phatról an Gharda | 55% | 58% | 54% | 57% | |
| Ní fios | 12% | 8% | 9% | 8% | * |

## Feasacht faoi phatról An Garda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

B'fhíor-chomhchosúil iad na sciartha d'fhireannaigh (36%) agus de bhaineannaigh (34%) arbh fheasach dóibh na Gardaí bheith ar patról ina gceantar áitiúil. Tuairiscíodh leibhéil feasachta ábhairín ní b'ísle i measc na bhfreagróirí úd sna haoisghrúpaí 55-64 (32%) agus 65+ (30%), agus thuairiscigh iad siúd d'aois 18-24 an leibhéal feasachta ab airde (39%). Ní raibh na difríochtaí úd ach ábhairín os cionn nó faoi bhun an mheáin (35%) do leibhéil na feasachta ámh. Bhí an fheasacht i leith na bpatról thar na grúpálacha aicme sóisialta fíor-inchomparáide comhchosúil leis sin. Ba dhóichí go dtuairsceodh na náisiúnaigh Neamh-Éireannacha feasacht faoi phatróil an Gharda (41%) ná náisiúnaigh Éireannacha (34%) (féach tábla 37).

Faoi mar a léiríodh i dtábla 38, ba léir difríochtaí ní ba shuntasaí ar fud na ngrúpálacha ceantair. Ba dhóichí go dtuairisceodh na daoine úd i Mumhain (40%) agus i gConnachta/Ulaidh (42%) feasacht i leith phatróil an Gharda go háitiúil, agus ba neamhdhóichí go dtuairisceodh na freagróirí i mBaile Átha Cliath (30%) agus i bhfuílleach Laighean (31%) chun feasacht a thuairisciú. B'fheasach do chomhréir ní ba mhó d'fhreagróirí i leith phatróil an Gharda sna ceantair 'uirbeacha eile' seachas sna ceantair thuaithe nó 'cathrach'. Faoi mar a bheifí ag dúil leis, tháinig laghdú ar fheasacht na bhfreagróirí i leith phatróil an Gharda de réir mar a thuairiscigh siad a n-achar ó stáisiún an Gharda bheith ag dul i méid.

**Tábla 37: Feasacht i leith phatról an Gharda sa cheantar áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **AB** | **C1** | **C2** | **DE** | **F** | **Éireannach** | **Neamh-Éireannach** |
| Feasach i leith phatról an Gharda | 36% | 34% | 39% | 36% | 36% | 36% | 32% | 30% | 33% | 33% | 36% | 37% | 33% | 34% | 41% |
| Gan bheith feasach i leith phatról an Gharda | 56% | 56% | 50% | 56% | 55% | 56% | 59% | 60% | 53% | 58% | 57% | 55% | 59% | 57% | 48% |
| Ní fios | 8% | 10% | 11% | 8% | 9% | 7% | 10% | 10% | 14% | 9% | 7% | 8% | 9% | 9% | 11% |

**Tábla 38: Feasacht i leith phatról an Gharda sa cheantar áitiúil de réir grúpálacha ceantair**


| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Feasach i leith phatról an Gharda | 30% | 31% | 40% | 42% | 31% | 40% | 35% | 39% | 37% | 34% | 31% | 29% |
| Gan bheith feasach i leith phatról an Gharda | 59% | 62% | 49% | 52% | 58% | 53% | 57% | 50% | 54% | 59% | 63% | 61% |
| Ní fios | 11% | 6% | 11% | 7% | 11% | 7% | 8% | 11% | 9% | 7% | 6% | 10% |

## Braistint i leith láithreacht an Gharda sna ceantair áitiúla

Fiafraíodh d'fhreagróirí an tsuirbhé ar bhraith siad nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil, ar chuibheasach ceart í nó arbh iomarcach í.

Léirítear i bhfigiúr 10 gur shíl 59% de na freagróirí nár leordhóthanach í láithreach an Gharda go háitiúil, shíl 34% díobh gur chuibheasach ceart í, agus mheas sciar fhíorbheag láithreacht an Gharda bheith iomarcach, agus mhaígh an fuílleach (7%) nach raibh a fhios acu.

**Figiúr 10: Braistintí i leith láithreacht an Gharda sna ceantair áitiúla**




## Athruithe um braistintí faoi láithreacht an Gharda idir R1 agus R4 2016

Mhaígh i bhfad ní ba mhó de na freagróirí idir R1 agus R4 2016 go raibh láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil ag an leibhéal cuibheasach ceart, agus thuairiscigh ní ba lú daoine nach raibh a fhios acu (féach tábla 39).

**Tábla 39: Athruithe um braistintí faoi láithreacht an Gharda idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Ní leordhóthanach é | 59% | 60% | 60% | 56% | |
| Is cuibheasach ceart é | 32% | 32% | 33% | 38% | * |
| Is iomarcach é | - | - | - | - | |
| Ní fios | 8% | 7% | 6% | 5% | * |

## Na cúiseanna nach leor é láithreacht sna ceantair áitiúla

Ba iad na freagraí ba choitianta a tugadh nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda ná: "ní fheictear riamh nó b'annamh a d'fheictí na póilíní" (67%) agus "ní fheictear iad ach amháin sna gluaisteáin" (39%) agus 'ní leordhóthanach iad nó teastaíonn a thuilleadh nó ní fheictear na póilíní ar patról coise (36%).

**Tábla 40: Na cúiseanna nach leor é láithreacht an Gharda**

| | |
|---|---|
| Ní fheictear riamh nó is annamh a fheictear na póilíní | 67% |
| Ní fheictear póilíní ach laistigh de chairr amháin | 39% |
| Ní fheictear dóthain acu nó teastaíonn a thuilleadh díobh a fheiceáil nó ní fheictear póilíní coise | 36% |
| Bhíodh ní ba mhó póilíní ann | 27% |
| Ní go dtí go dtarlaíonn coireacht nó trioblóid éigin | 19% |
| Mall chun freagartha | 14% |
| Ní féidir leis na póilíní dada a dhéanamh nuair a tharlaíonn coireanna | 11% |
| Ba cheart íomhá dhearfach a chruthú maille leis an bhfreagairt don choireacht | 9% |
| Feictear an choireacht ar siúl, ach póilíní ar bith le fáil | 8% |
| Braitear an iomarca ar na ceamaraí | 6% |
| Eile (sonraigh) | 3% |
| Ní fios - | - |
| Diúltaithe - | - |

## Na cúiseanna gur cuibheasach ceart é láithreacht sna ceantair áitiúla

Ba iad na freagraí ba choitianta a tugadh gur 'chuibheasach ceart' í láithreacht an Gharda ná: "gan mórán coireachta nó fadhb ar bith leis an gcoireacht" (52%) agus "feictear go cuibheasach minic iad" (37%).

**Tábla 41: Na cúiseanna gur 'cuibheasach ceart' é láithreacht an Gharda**

| | |
|---|---|
| Beagán coireachta nó fadhb ar bith leis an gcoireacht | 52% |
| Feictear go minic iad | 37% |
| Feictear póilíní ar patról sna cairr | 33% |
| Stáisiún na bpóilíní in aice láimhe | 24% |
| Ní gá iad a fheiceáil i gcónaí | 17% |
| Tá laghdú nó feabhsú tar éis teacht ar rátaí coireachta | 15% |
| Feictear na póilíní ó thráth go chéile nó ní fheictear mórán díobh | 13% |
| Feictear na póilíní ar patról coise | 4% |
| Is millteanach é chun an iomarca acu a fheiceáil | 3% |
| Ceamaraí i ngach aon áit | 3% |
| Eile (sonraigh) | 2% |

## Braistint i leith láithreacht an Gharda sna ceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Thuairiscigh ní ba mhó freagróirí baineanna (62%) ná freagróirí fireanna (56%) nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil. Méadaíodh na braistintí gur cuibheasach ceart é leibhéal láithreachta an Gharda leis an dul in aois. Ní raibh aon difríocht shuntasach ann ar fud na ngrúpálacha aicme sóisialta. Ba dhóichí do náisiúnaigh Neamh-Éireannacha láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil bheith cuibheasach ceart (féacht tábla 42).

Faoi mar a fheictear i dtábla 43 bhreithnigh ní ba mhó freagróirí i mBaile Átha Cliath láithreacht an Gharda áitiúil gan bheith leordhóthanach i gcomparáid le réigiúin eile, agus rátáil ní ba mhó freagróirí i gConnachta/Ulaidh láithreacht an Gharda bheith cuibheasach ceart. Ba neamhdhóichí d'fhreagróirí i gceantair 'chathrach' chun láithreacht an Gharda a bhreithniú ag an leibhéal ceart. Ba bheag tionchar a bhain le hachar na bhfreagróirí ó stáisiún an Gharda:ar bhraistint i leith láithreacht an Gharda go háitiúil.

## Braistintí de láithreacht an Gharda de réir srathuithe íospartach na coireachta

Ba dhóichí d'íospartaigh na coireachta chun láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil gan bheith leordhóthanach; thuairiscigh 71% d'íospartaigh nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda ina gceantar áitiúil i gcomparáid le 58% d'fhreagróirí nach raibh ina n-íospartaigh choireachta.

**Tábla 42: Braistint i leith láithreacht an Gharda sna ceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **AB** | **C1** | **C2** | **DE** | **F** | **Éireannach** | **Neamh-Éireannach** |
| Ní leordhóthanach é | 56% | 62% | 44% | 54% | 58% | 62% | 66% | 67% | 54% | 59% | 60% | 60% | 57% | 61% | 43% |
| Is cuibheasach ceart é | 37% | 31% | 44% | 38% | 35% | 31% | 29% | 26% | 37% | 33% | 34% | 32% | 38% | 32% | 45% |
| Is iomarcach é | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | - |
| Ní fios | 6% | 7% | 11% | 7% | 6% | 6% | 4% | 7% | 9% | 7% | 5% | 7% | 5% | 6% | 11% |

**Tábla 43: Braistint i leith láithreacht an Gharda sna ceantair áitiúla de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Ní leordhóthanach é | 70% | 52% | 58% | 51% | 68% | 49% | 56% | 57% | 61% | 57% | 55% | 63% |
| Is cuibheasach ceart é | 21% | 39% | 36% | 44% | 24% | 43% | 37% | 35% | 32% | 38% | 39% | 29% |
| Is iomarcach é | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Ní fios | 8% | 8% | 6% | 4% | 7% | 7% | 5% | 8% | 7% | 4% | 5% | 7% |

**Tábla 44: Braistintí i leith láithreacht an Gharda de réir íospartha**

| | Gan bheith mar íospartach coireachta | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Ní leordhóthanach é | 58% | 71% |
| Is cuibheasach ceart é | 35% | 24% |
| Is iomarcach é | 1% | - |
| Ní fios | 6% | - |

## An dtéann braistintí i leith láithreacht an Gharda i gceantair áitiúla i bhfeidhm ar fhaitíos na bhfreagróirí roimh choireacht?

Faoi mar is féidir a fheiceáil i dtábla 45, méadaíodh an bhraistint nár leordhóthanach í láithreacht An Garda Síochána sna ceantair áitiúil de réir mar a méadaíodh leibhéil an fhaitís roimh choireacht. I measc na bhfreagróirí úd ar bhain go leor faitíos dóibh faoin gcoireacht, bhreithnigh 86% acu nár leordhóthanach í láithreach an Gharda sna ceantair áitiúla, ach thit an ráta sin chuig 45% i measc na ndaoine úd gan faitíos ar bith faoin gcoireacht. Ba go mór os cionn agus faoi bhun na meánrátála de 59% iad siúd.

**Tábla 45: Braistintí i leith láithreacht an Gharda de réir leibhéil na bhfaitíos roimh choireacht**

| | Go leor faitíos | Roinnt Faitíos | Fíorbheagán fatíos | Fíorbheagán fatíos |
|---|---|---|---|---|
| Ní leordhóthanach é | 86% | 71% | 57% | 45% |
| Is cuibheasach ceart é | 10% | 24% | 36% | 46% |
| Is iomarcach é | - | - | - | - |
| Ní fios | - | 5% | 7% | 8% |

## An dtéann braistintí i leith láithreacht an Gharda i gceantair áitiúla i bhfeidhm ar bhraistintí na coireachta?

Tugtar miondealú i dtábla 46 ar bhraistintí i leith láithreacht an Gharda i gceantair áitiúla, de réir bhraistintí na coireachta náisiúnta agus áitiúla. De réir mar a d'éirigh braistintí i leith na coireachta náisiúnta mar fhadhb ní ba thromchúisí, b'amhlaidh a d'éirigh an bhraistint nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda áitiúil. Mar shampla, astu siúd a bhreithnigh an choireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, mhaígh 70% nár leordhóthanach í láithreact an Gharda, agus mhaígh 26% go raibh sí cuibheasach ceart. Ia measc siúd mar chomparáid a bhreithnigh nach raibh an choireacht náisiúnta ina fadhb ar bith, shíl 33% nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda, agus bhreithnigh 56% acu go raibh sí cuibheasach ceart. B'fhollasach treochtaí comhchosúla nuair a iniúchadh braistintí na coireachta áitiúla.

**Tábla 46: Braistint i leith láithreacht an Gharda i gceantair áitiúla de réir bhraistintí na coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith |
| Ní leordhóthanach é | 70% | 58% | 46% | 33% | 81% | 73% | 60% | 42% |
| Is cuibheasach ceart é | 26% | 36% | 43% | 56% | 14% | 23% | 32% | 49% |
| Is iomarcach é | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Ní fios | 4% | 6% | 10% | - | - | 3% | 7% | 8% |

## Achoimre

- **Thuairiscigh ní ba mhó ná aon trian amháin d'fhreagróir don Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail go raibh na Gardaí ar patról ina gceantar áitiúil.**
- **I measc na ndaoine úd arbh fheasach dóibh patróil an Gharda, mhaígh os cionn 95% acu go bhfaca siad Gardaí ar patról ina gcuid carr.**
- **Ba neamhdhóichí d'fhreagróirí i mBaile Átha Cliath chomh maith le fuílleach Laighean chun feasacht i leith phatróil an Gharda a thuairisciú.**
- **Shíl 59% de na freagróirí nach raibh láithreacht leordhóthanach ag an nGarda ina gceantar áitiúil; ba dhóichí an freagra úd sna ceantair 'chathrach'.**
- **Mhaígh os cionn aon trian amháin d'fhreagróirí go raibh láithreacht an Gharda 'cuibheasach ceart' ina leibhéal; laghdaíodh an bhraistint úd le dul in aois.**
- **Tháinig méadú ar bhraistintí nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda sna ceantair áitiúla de réir mar a tháinig méadú ar leibhéil an fhaitís.**
- **Tháinig méadúr ar sciar na bhfreagróirí a mhaígh go raibh láithreacht an Gharda cuibheasach ceart de réir mar a tháinig laghdú ar bhraistintí fhadhb na coireachta.**

# Sástacht leis An Garda Síochána




# 67%

**d'fhreagróirí a dúirt go raibh siad sásta nó fíorshásta trí chéile leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dá bpobal áitiúil**

**R1 ▶ R4**

Tháinig méadú ar an tsástacht leis an Garda Síochána ó 62% i R! chuig 71% i R4.

**+9%**




### Sástacht le heagras an Gharda

Ba iad na freagróirí i Mumhain agus i gConnachta/Ulaidh a thuairiscigh na leibhéil sástachta ba mhó le heagras an Gharda

De réir mar a mhéadaigh na braistintí i leith na coireachta mar fhadhb is amhlaidh a fheicimid Laghduithe sa tsástacht leis an tseirbhís arna soláthar ag An Garda Siochana.

**2015** **2016**

Bhí sciar ní bha mhó d'fhreagróirí míshásta trí chéile leis An Garda Síochána sa bhliain 2016 (27%).

Bailíodh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail freisin tuairimí gach freagróir i leith na seirbhíse a sholáthair An Garda Síochána don phobal áitiúil. Maíodh na tuairimí sin is cuma an raibh na freagróirí i dteagmháil leis na Gardaí i rith na bliana 2016 nó nach raibh.

## Sástasht leis An Garda Síochána i rith na bliana 2016

**Dúirt móramh na bhfreagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána don phobal áitiúil (67%), bhí 27% de na freagróirí míshásta, agus thuairiscigh 7% nach raibh a fhios acu nó nár fhreagair siad.**

Tháinig méadú idir R1 agus R4 2016 ar an tsástacht leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána ó 62% i R! Chuig 71% i R4. Faoi mar a fheictear i dtábla 47 tháinig méadú nach beag ar sciar na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh siad cuibheasach sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána. Chonaiceamar laghdú ag an am céanna sa chatagóir nach raibh a fhios acu/nár fhreagair, ó 9% chuig 5%.

**Tábla 47: Athruithe um shástacht idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Fíorshásta | 8% | 9% | 9% | 8% | |
| Cuibheasach sásta | 54% | 56% | 59% | 63% | * |
| Cuibheasach míshásta | 24% | 23% | 22% | 20% | |
| Fíor-mhíshásta | 5% | 6% | 4% | 4% | |
| Ní fios/Freagra ar bith | 9% | 6% | 6% | 5% | * |

## Athruithe um leibhéil sástachta leis An Garda Síochána idir 2015 agus 2016


Faoi mar is féidir a fheiceáil i bhfigiúr 11 sholáthair freagróirí idir na blianta 2015 agus 2016 freagraí ní ba dhiúltaí faoin tseirbhís a soláthraíodh dóibh, agus thuairiscigh sciar freagróirí ní ba mhó go raibh siad cuibheasach sásta agus cuibheasach míshásta leis an tseirbhís a sholáthair eagrúchán an Gharda. Tháinig titim trí chéile ar an gcéatadán freagróirí a thuairiscigh sástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána ó 70% chuig 67% idir an dá shuirbhé dheireanacha (féach figiúr 11). Cé gur tháinig feabhsú ar an tsástacht i rith na bliana 2016, ba mhífhabhraí i bhfad tuairimí na bhfreagróirí i dtreo dheireadh na bliana 2015 agus isteach go tús na bliana 2016 i leith An Garda Síochána. Taispeántar an méid sin go soiléir sa treochtlíne i bhfigiúr 12 thíos.

## Sástacht leis An Garda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha


Taiscéaladh freisin na leibhéil sástachta leis An Garda Síochána de réir tréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha na bhfreagróirí freisin.

Bhí móramh na bhfreagróirí sásta thar na grúpálacha sin go léir leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána (féach tábla 48). Ní raibh aon difríochtaí suntasacha eatarthu ó thaobh gnéis, aoise nó aicme sóisialta, cé gur thuairiscigh na freagróirí d'aoiseanna idir 18-24 leibhéil ní b'airde de shástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána do phobail áitiúla. Ba thar an náisiúntacht an t-aon difríocht shuntasach a chonacthas; ba dhóichí d'fhreagróirí neamh-Éireannacha chun tuairisciú bheith sástá ná míshásta; bhí 74% acu sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dóibh.

**Figiúr 11: Athruithe um shástacht leis An Garda Síochána idir 2015 agus 2016**




**Figiúr 12: Athruithe um shástacht leis An Garda Síochána idir R1 2015 agus R4 2016**




**Tábla 48: Sástacht leis An Garda Síochána i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Fíorshásta | 8% | 9% | 7% | 9% | 8% | 9% | 9% | 8% | 9% | 9% | 8% | 9% | 8% | 8% | 10% |
| Cuibheasach sásta | 60% | 56% | 63% | 58% | 58% | 55% | 59% | 57% | 63% | 57% | 56% | 58% | 60% | 57% | 64% |
| Cuibheasach míshásta | 21% | 24% | 18% | 22% | 22% | 24% | 24% | 21% | 18% | 21% | 24% | 23% | 24% | 24% | 13% |
| Fíor-mhíshásta | 5% | 4% | 5% | 4% | 5% | 5% | 4% | 5% | 4% | 4% | 6% | 5% | 4% | 5% | - |
| Ní fios/Freagra ar bith | 6% | 7% | 8% | 6% | 6% | 7% | 4% | 8% | 6% | 9% | 6% | 6% | - | 6% | 11% |

**Tábla 49: Sástacht leis An Garda Síochána i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | Fuílleach Laighean | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 kms | 3-5 kms | 5-10 kms | 10+kms |
| Fíorshásta | 7% | 7% | 10% | 11% | 7% | 10% | 9% | 14% | 8% | 8% | 7% | - |
| Cuibheasach sásta | 52% | 58% | 62% | 62% | 54% | 61% | 60% | 57% | 59% | 60% | 58% | 55% |
| Cuibheasach míshásta | 26% | 24% | 18% | 19% | 25% | 20% | 21% | 19% | 21% | 22% | 24% | 26% |
| Fíor-mhíshásta | 6% | 5% | 5% | - | 6% | 4% | 4% | 4% | 5% | 4% | 4% | - |
| Ní fios/Freagra ar bith | 9% | 5% | 6% | 6% | 9% | 5% | 6% | 7% | 6% | 6% | 7% | 8% |

## Sástacht leis An Garda Síochána de réir grúpálacha ceantair

Cé go raibh móramh na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a soláthraíodh dóibh le heagras an Gharda, bhí roinnt éagsúlachtaí ann nuair a rinneadh comparáid idir ceantair éagsúla.

- **Réigiún:** Ba dhóichí do na freagróirí i Mumhain agus i gConnachta/Ulaidh chun sástacht a thuairisciú leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dóibh, agus ba neamhdhóichí d'fhreagróirí i mBaile Átha Cliath chun sástacht a thuairisciú.
- **Ceantair uirbeacha agus tuaithe:** Thuairiscigh sciar ní ba mhó de na ceantair 'uirbeacha eile' (71%) agus tuaithe (69%) go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis na ceantair 'cathrach' (61%).
- **Achar ó Stáisiún an Gharda:** Ba dhóichí do na freagróirí a chónaigh ní ba lú ná 1 ciliméadar amháin óna stáisiún garda áitiúil chun sástacht a thuairisciú leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dá bpobal áitiúil (féach tábla 49).

## Sástacht leis An Garda Síochána agus taithí na híospartha

Léirítear i dtábla 50 na difríochtaí um shástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána do na pobail áitiúla, arna miondealú de réir saintréithe íospartaigh. Cé gur thuairiscigh sciar ábhairín ní ba mhó de na híospartaigh choireachta go raibh siad fíorshásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána do na pobail áitiúla, ba neamhdhóichí nuair a rinneadh iniúchadh ar shástacht ní míshástacht iomlán, d'íospartaigh na coireachta chun tuairisciú bheith sásta (57% v. 67%).

**Tábla 50: Sástacht leis An Garda Síochána de réir íospartha coireachta**

| | Gan bheith mar íospartach coireachta | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Fíorshásta | 8% | 9% |
| Cuibheasach sásta | 59% | 48% |
| Cuibheasach míshásta | 22% | 25% |
| Fíor-mhíshásta | 4% | 12% |
| Ní fios/Freagra ar bith | 7% | - |

## An bhfeidhmíonn braistintí na coireachta ar na leibhéil sástachta?

Tugtar i dtábla 51 miondealú ar an tsástacht leis na seirbhísí a sholáthair an An Garda Síochána don phobal áitiúil de réir braistintí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. De réir mar a d'éirigh braistintí i leith na coireachta náisiúnta mar fhadhb ní ba thromchúisí, b'amhlaidh a d'éirigh an mhíshástacht leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána. Mar shampla, astu siúd a d'fhéach ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, bhí 59% sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dá bpobal áitiúil, agus bhí ráta sástachta 83% i measc na ndaoine úd a d'fhéach ar an gcoireacht náisiúnta gan bheith ina fadhb ar bith.

Chonacthas an difríocht sin ní ba shuntasaí nuair a rinneadh iniúchadh ar bhraistintí i leith na coireachta áitiúla. Ina measc siúd a d'fhéach ar an gcoireacht áitiúil mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, bhí 52% míshásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána dá bpobal áitiúil, i gcomparáid le 15% i measc na ndaoine úd a d'fhéach ar an gcoireacht áitiúil gan bheith ina fadhb ar bith.


**Tábla 51: Sástacht leis an tseirbhís a sholáthraíonn An Garda Síochána de réir braistintí na coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith |
| Sásta | 59% | 70% | 70% | 83% | 45% | 58% | 66% | 78% |
| Míshásta | 35% | 24% | 22% | 14% | 52% | 39% | 27% | 15% |
| Ní fios/Freagra ar bith | 6% | 6% | 9% | - | - | 3% | 7% | 7% |


## Achoimre

- **Bhí móramh na bhfreagróirí don Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sásta leis an tseirbhís a sholáthair eagras an Gharda dóibh go háitiúil. Ba léir sin thar ghrúpálacha gnéis, aoise, aicme, náisiúntachta agus ceantair, cé go raibh roinnt difríochtaí ann.**
- **Ba dhóichí do náisiúnaigh Neamh-Éireannacha chun sástacht a léiriú leis an tseirbhís a soláthraíodh do na pobail áitiúla.**
- **Ba dhóichí dóibh siúd i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair 'chathrach' chun míshástacht a thuairisciú leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána go háitiúil.**
- **Bhí leibhéil ní b'ísle sástachta i measc íospartaigh na coireachta, i gcomparáid le neamh-íospartaigh, leis an tseirbhís a soláthraíodh don phobal áitiúil.**
- **Léiríodh sna hathruithe laistigh d'aon bhliain amháin don bhliain 2016 gur mhéadaigh an tsástacht leis An Garda Síochána faoi naoi bpointe faoin gcéad idir R1 agus R4.**
- **Thuairiscigh sciar ní ba lú freagróirí idir 2015 agus 2016 sástacht leis an tseirbhís a sholáthair eagras an Gharda ámh.**
- **De réir mar a tháinig méadú ar na braistintí den choireacht mar fhadhb ab amhlaidh a chonaiceamar laghduithe um an tsástacht leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána do phobail áitiúla.**

# Iontaoibh in An Garda Síochána




Thuairiscigh 11% d'fhreagróirí sa bhliain 2016 go raibh iontaoibh íseal acu, thuairiscigh 47% iontaoibh mheánach, agus thuairiscigh 41% go raibh leibhéil arda iontaoibhe acu in An Garda Síochána




Ba mhó iontaoibhe a léirigh freagróirí i Mumhain agus i gConnachta/Ulaidh in An Garda Síochána i gcomparáid le freagróirí i mBaile Átha Cliath agus i bhfuílleach Laighean.

Mná

**Bhí leibhéil iontaoibhe ábhairín ní b'airde ag na mná in eagras an Gharda**

Patróil

**Infheictheacht agus iontaoibh**
Bhí leibhéil iontaoibhe ní b'airde ag na freagróirí san eagras arbh fheasach dóibh faoi phatróil an Gharda.

**Sástacht agus iontaoibh**
De réir mar a thagann méadú ar an tsástacht leis An Garda Síochána, is amhlaidh a thagann méadú ar leibhéil na hiontaoibhe a thuairiscíonn na freagróirí.

Is ríthábhachtach d'oibriú an eagrais í an iontaoibh a bhíonn ag freagróirí in An Garda Síochána. Iarradh ar fhreagróirí don Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun uimhir a shannadh idir 1 agus 10 chun a leibhéal iontaoibhe in An Garda Síochána a chainníochtú. Sannadh an uimhir 10 don leibhéal iontaoibhe ab airde, agus sannadh 1 don iontaoibh ab ísle. Athchódaíodh iad ansin mar 'iontaoibh ard' (rátálacha 10, 9 agus 8), 'iontaoibh mheánach' (rátálacha 7, 6 agus 5) agus faoi dheireadh 'iontaoibh íseal' (rátálacha 1, 1,2, 3 agus 4).

**Tá iontaoibh phobal na hÉireann in An Garda Síochána fós ag leibhéal ard trí chéile.**

## Iontaoibh in An Garda Síochána i rith na bliana 2016

Thuairiscigh 11% de na freagróirí i rith na bliana 2016 go raibh iontaoibh íseal acu in An Garda Síochána, thuairiscigh 47% iontaoibh mheánach, agus bhí leibhéil arda iontaoibhe ag 41% in An Garda Síochána; ní raibh a fhios ag 1% de na freagróirí nó níor sholáthair siad freagra ar bith nuair a fiafraíodh díobh faoina leibhéil iontaoibhe in eagras An Garda.

Mar ab amhlaidh sna codanna roimhe seo, is féidir na hathruithe thar an mbliain 2016 a thomhas. Thuairiscigh sciar ní ba mhó d'fhreagróirí idir R1 agus R4 leibhéil iontaoibhe 'arda' in eagras an Gharda (féach tábla 52).


**Tábla 52: Athruithe um leibhéil iontaoibhe idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | 12% | 13% | 10% | 10% | |
| Iontaoibh Mheánach | 48% | 48% | 46% | 44% | |
| Iontaoibh Ard | 38% | 39% | 42% | 45% | * |
| Ní fios/Freagra ar bith | - | - | - | - | |

## Athruithe um leibhéil iontaoibhe idir 2015 agus 2016

Faoi mar a fheictear i bhfigiúr 13, tháinig laghdú idir na blianta 2015 agus 2016 ar leibhéil na hiontaoibhe 'ísle' in An Garda Síochána, agus d'fhan leibhéil na hiontaoibhe meánaigh agus airde cobhsaí idir na blianta 2015 agus 2016.

**Figiúr 13: Athruithe um iontaoibh in An Garda Síochána idir 2015 agus 2016**




**Tábla 55: Leibhéil na hiontaoibhe in An Garda Síochána de réir íospartha**

| | Gan bheith mar íospartach coireachta | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | 10% | 20% |
| Iontaoibh Mheánach | 47% | 45% |
| Iontaoibh Ard | 42% | 35% |
| Ní fios/Freagra ar bith | 1% | - |

## Iontaoibh in An Garda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Tháinig roinnt éagsúlachtaí sna leibhéil iontaoibhe. Bhí leibhéil iontaoibhe ábhairín ní b'ísle ag mná, le 43% ag léiriú leibhéal 'ard' iontaoibhe san eagras i gcomparáid le s 39% de na fir. Tháinig méadú ar an iontaoibh san eagras le dul in aois freisin. Ba dhóichí do na freagróirí in aicme shóisialta F chun iontaoibh 'ard' a léiriú in eagras an Gharda; léirigh 14% d'fhreagróirí i ngrúpáil aicme sóisialta C2 iontaoibh 'íseal' in An Garda Síochána. Ní raibh aon éagsúlachtaí suntasacha ann de réir náisiúntachta (féach tábla 53).

Faoi mar a léirítear i dtábla 54, léirigh na freagróirí thar gach grúpáil ceantair leibhéal iontaoibhe idir mheánach agus ard in eagras an Gharda. Tharla roinnt difríochtaí suntasacha nuair a rinneadh iniúchadh ar na treochtaí. Thuairiscigh na freagróirí i mBaile Átha Cliath agus i bhfuílleach Laighean leibhéil iontaoibhe ní b'ísle, agus léirigh na freagróirí i Mumhain agus i gConnachta/Ulaidh ní ba mhó iontaoibhe in An Garda Síochána. Ba neamhdhóichí d'fhreagróirí ag cónaí i gceantair 'chathrach' chun leibhéil 'arda' iontaoibhe a thuairisciú san eagras, agus ba dhóichí dóibh siúd sna ceantair thuaithe chun leibhéil iontaoibhe 'arda' a thuairisciú in An Garda Síochána. Ní fhacthas treochtaí suntasacha ar bith i leithdháileadh na hiontaoibhe airde ag freagróirí le hachar ó stáisiún an Gharda.

## An dtéitear i bhfeidhm ar iontaoibh na bhfreagróirí nuair a bhíonn duine ina íospartach coireachta?

Faoi mar a fheictear i dtábla 55, léirigh íospartaigh na coireachta leibhéil iontaoibhe ní b'ísle in An Garda Síochána. Bhain rátaí ní b'airde d'iontaoibh 'íseal' le híospartaigh na coireachta i gcomparáid le neamh-íospartaigh (20% v. 10%) agus rátaí ní b'ísle d'iontaoibh 'ard' i gcomparáid le neamh-íospartaigh (35% v. 42%). Bhí leibhéil na hiontaoibhe 'meánaí' cuibheasach comhionann don dá ghrúpa.

**Tábla 53: Iontaoibh in An Garda Síochána i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Iontaoibh Íseal | 12% | 10% | 14% | 14% | 12% | 11% | 9% | 7% | 9% | 10% | 14% | 13% | - | 12% | 8% |
| Iontaoibh Mheánach | 48% | 45% | 54% | 50% | 46% | 45% | 45% | 39% | 48% | 48% | 47% | 45% | 44% | 47% | 44% |
| Iontaoibh Ard | 39% | 43% | 30% | 34% | 41% | 44% | 46% | 53% | 42% | 41% | 38% | 41% | 49% | 41% | 44% |
| Ní fios/Freagra ar bith | 1% | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | - |

**Tábla 54: Iontaoibh in An Garda Síochána i rith na bliana 2016 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Baile Átha Cliath** | **Fuílleach Laighean** | **Mumha** | **Connachta nó Ulaidh** | **Cathair** | **Uirbeach Eile** | **Tuaithe** | **Níos lú ná 1 km** | **1-3 kms** | **3-5 kms** | **5-10 kms** | **10+kms** |
| Iontaoibh Íseal | 14% | 12% | 10% | 8% | 13% | 11% | 9% | 11% | 11% | 12% | 11% | 9% |
| Iontaoibh Mheánach | 53% | 51% | 44% | 33% | 50% | 45% | 44% | 15% | 43% | 21% | 15% | 6% |
| Iontaoibh Ard | 32% | 36% | 46% | 57% | 35% | 42% | 46% | 44% | 41% | 41% | 40% | 47% |
| Ní fios/Freagra ar bith | - | - | - | - | 1% | - | - | - | - | - | - | - |

## Iontaoibh in An Garda Síochána de réir fhaitíos roimh choireacht agus feidhmiúlacht an Gharda

Déantar iniúchadh i dtábla 56 ar leibhéil na hiontaoibhe in An Garda Síochána de réir fhaitís na bhfreagróirí faoi leibhéal na coireachta, chomh maith le feasacht i leith phatróil an Gharda. Tháinig laghdú ar leibhéil na hiontaoibhe in eagras an Gharda de réir mar a tháinig méadú ar an bhfaitíos roimh choireacht. Cosúil leis sin, ba dhóichí do na freagróirí arbh fheasach dóibh faoi phatróil an Gharda chun leibhéil 'arda' iontaoibhe san eagras a thuairisciú.

## Iontaoibh in An Garda Síochána de réir braistintí na coireachta

Chonaiceamar sna codanna roimhe seo go raibh roinnt difríochtaí sna braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla. Féachtar air sin i dtábla 57 i dtaca leis an iontaoibh.

- Bhí iontaoibh 'ard' ag 53% de na freagróirí a thuairiscigh nach raibh fadhb ar bith leis an gcoireacht náisiúnta in An Garda Síochána, i gcomparáid le 8% a raibh iontaoibh 'íseal' acu.
- Bhí leibhéail iontaoibhe 'íseal' ag ceathrú amháin díobh siúd a d'fhéach ar an gcoireacht áitiúila mar fhadhb fhíor-thromchúiseach, i gcomparáid le 7% a d'fhéach ar an gcoireacht áitiúil mar fhadhb ar bith.

## Iontaoibh in An Garda Síochána agus leibhéal na sástachta leis an tseirbhís a sholáthraítear don phobal áitiúil

Déantar iniúchadh i dtábla 58 ar an iontaoibh agus an tsástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána. Is léir gur méadaíodh leibhéil na hiontaoibhe de réir mar a méadaíodh leibhéil na sástachta, rud a tháscann nasc de chineál éigin.

Bhí leibhéal iontaoibhe 'ard' san eagras ag beagnach trí cheathrú díobh siúd a bhí fíorshásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána.

**Tábla 56: Iontaoibh in An Garda Síochána de réir fhaitíos roimh choireacht agus patról an Gharda**

| | Faitíos roimh leibhéal na coireachta trí chéile | | | | Patról Gharda | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Go leor faitíos** | **Roinnt faitíos** | **Fíorbheagán fatíos** | **Faitíos ar bith** | **Feasach i leith phatról an Gharda** | **Gan bheith feasach i leith phatról an Gharda** |
| Iontaoibh Íseal | 19% | 12% | 10% | 10% | 7% | 13% |
| Iontaoibh Mheánach | 46% | 47% | 49% | 45% | 39% | 50% |
| Iontaoibh Ard | 34% | 40% | 41% | 44% | 52% | 35% |
| Ní fios/Freagra ar bith | - | - | - | - | - | 1% |

**Tábla 58: Iontaoibh in An Garda Síochána de réir leibhéal sástachta**

| | **Fíor-shásta sásta** | **Cuibheasach sásta** | **Cuibheasach míshásta** | **Fíor-mhíshásta** |
|---|---|---|---|---|
| Iontaoibh Íseal | - | 5% | 22% | 53% |
| Iontaoibh Mheánach | 24% | 47% | 55% | 33% |
| Iontaoibh Ard | 73% | 48% | 22% | 12% |

**Tábla 57: Iontaoibh in An Garda Síochána de réir braistintí fhadhb na coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith | Fadhb fhíor-thromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb éigin | Fadhb ar bith |
| Iontaoibh Íseal | 16% | 9% | 8% | 8% | 25% | 18% | 9% | 7% |
| Iontaoibh Mheánach | 43% | 49% | 48% | 38% | 43% | 50% | 49% | 40% |
| Iontaoibh Ard | 40% | 41% | 42% | 53% | 30% | 31% | 41% | 51% |
| Ní fios/Freagra ar bith | - | - | - | 2% | - | - | - | 2% |

## Achoimre

- **Tá an iontaoibh in An Garda Síochána tar éis fanacht cuibheasach cobhsí i rith na bliana 2016, chomh maith leis an achar ó shuirbhé na bliana 2015 i leith. Tharla méadú dó faoin gcéad i líon na bhfreagróirí a thuairiscíonn idir leibhéil 'mheánacha' agus 'arda' iontaoibhe in eagra an Gharda idir na blianta 2015 agus 2016.**
- **Nuair a rinneadh iniúchadh ar na hathróga déimeagrafacha, bhí leibhéil ábhairín ní b'airde iontaoibhe in An Garda Síochána ag mná thar na fir, agus chonacthas an claonadh gur tháinig méadú ar leibhéil na hiontaoibhe leis an aois.**
- **Faoi mar a tuairiscíodh sa tuarascáil ba dhéanaí faoin suirbhé, ba i measc na bhfreagróirí i mBaile Átha Cliath a bhí na leibhéil iontaoibhe ab ísle, agus tuairiscíodh leibhéil iontaoibhe ní b'airde ina measc i Mumhain agus i gConnachta/Ulaigh in An Garda Síochána.**
- **Bhí leibhéil iontaoibhe 'airde' ábhairín ní b'ísle ag Íospartaigh na coireachta san eagras nuair a cuireadh iad i gcomparáid le neamh-íospartaigh.**
- **Dealraítear go bhfuil gaol idir an iontaoibh le roinnt de na fachtóirí eile a áiríodh leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail:**
  - **Bhí leibhéil iontaoibhe ní b'airde ag na freagróirí san eagras arbh fheasach dóibh faoi phatróil an Gharda.**
  - **De réir mar a tháinig méadú ar an tsástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána do na pobail áitiúila, ab amhlaidh a tháinig méadú ar leibhéil na hiontaoibhe a thuairiscigh na freagróirí.**

# Braistintí i leith eagras an Gharda

2016

**Aontaíonn/Easaontaíonn**

Ba dhóichí d'fhreagróirí chun easaontú le cúig cinn as na sé ráiteas faoi An Garda Síochána sa bhliain 2016 i gcomparáid leis an mbliain 2015

**Tháinig feabhsú ámh ar leibhéal aontaithe na bhfreagróirí leis na ráitis úd idir R1 agus R4 den bhliain 2016**

2016

**2016**

**D'aontaigh móramh na bhfreagróirí go raibh An Garda Síochána:**

*'pobal-dírithe'*

*'nua-aimsearth a nó forásach'*

*'cairdiúil nó cuiditheach"*



**Bhi an claonadh i measc na bhfreagróirí ó Mhumhain chun braistintí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána**

Bhí an claonadh sna freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta chun braistintí ní ba dhiúltaí bheith acu i leith An Garda Síochána.

Bhí an claonadh ag daoine le go leor faitíos faoin gcoireacht freisin chun braistintí ní ba dhiúltaí bheith acu i leith an eagrais

Déantar taiscéaladh freisin sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar thuairimí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána i dtéarmaí a leibhéil aontaithe le sé eochair-ráiteas. Baineann trí cinn de na ráitis sin le hidirghníomhuithe idir an t-eagras agus an pobal (.i. an cairdiúil nó cuiditheach é, an pobal-dírithe agus éifeachtach é chun dul i ngleic leis an gcoireacht). Baineann na trí ráiteas eile le nua-aimsearthacht nó le forásacht An Garda Síochána, agus an soláthraíonn sé seirbhís de scoth domhanda agus an dea-bhainistithe é. Tugtar sa chaibidil dheireanach seo na leibhéil aontaithe leis na ráitis úd.

## Braistintí i leith An Garda Síochána i rith na bliana 2016

**D'aontaigh móramh na rannpháirtithe go raibh An Garda Síochána pobal-dírithe, nua-aimseartha nó forásach, agus cairdiúil nó cuiditheach. D'aontaigh a leath de na rannpháirtithe gurbh éifeachtach é an t-eagras ag dul i ngleic leis an gcoireacht, agus d'aontaigh 35% de na rannpháirtithe go sholáthair an t-eagras seirbhís póilíneachta de scoth domhanda. Nuair a cuireadh an cheist an raibh an t-eagras dea-bhainistithe; 42% a d'aontaigh, 42% a d'easaontaigh agus 16% nach raibh a fhios acu.**

Soláthraítear a thuilleadh sonraí i dtábla 59.

**Tábla 59: Braistintí i leith An Garda Síochána i rith na bliana 2016**

| | Aontaíonn go láidir | Aontaíonn | Easaontaíonn | Easaontaíonn go láidir | Ní fios |
|---|---|---|---|---|---|
| Pobal-dírithe | 8% | 53% | 25% | 6% | 8% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 3% | 52% | 29% | 7% | 9% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 18% | 65% | 10% | 3% | 4% |
| Soláthraíonn seirbhís Póilíneachta de scoth domhanda | 2% | 33% | 37% | 14% | 14% |
| Faoi dhea-bhainistiú | 3% | 39% | 32% | 10% | 16% |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 3% | 47% | 31% | 9% | 10% |


## Athruithe um braisintí faoin eagras idir R1 agus R4 2016

Nuair a fhéachtar ar na hathruithe laistigh den bhliain, feicimid gur éirigh tuairimí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána sa bhliain 2016 ní ba dhearfaí i rith na bliana (féach tábla 60).

**Tábla 60: Athruithe um leibhéil aontaithe idir R1 agus R4 2016**

| | R1 | R2 | R3 | R4 | Suntasach ó thaobh Staidrimh de |
|---|---|---|---|---|---|
| Pobal-dírithe' | 56% | 60% | 62% | 66% | * |
| Nua-aimseartha nó forásach | 52% | 53% | 55% | 61% | * |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 80% | 82% | 87% | 86% | * |
| Soláthraíonn seirbhís póilíneachta de scoth domhanda | 31% | 34% | 34% | 40% | * |
| Faoi dhea-bhainistiú | 42% | 40% | 41% | 45% | |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 48% | 47% | 50% | 53% | |

**Figiúr 14: Leibhéil an aontaithe idir 2015 agus 2016**




## Athruithe um braistintí An Garda Síochána idir 2015 agus 2016

Bhí an claonadh foriomlán le tuairimí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána sa bhliain 2016 chun bheith ní da dhiúltaí i gcomparáid leis an mbliain 2015. Déantar comparáid i bhfigiúr 14 ar bhraistintí i leith An Garda Síochána idir na blianta 2015 agus 2016.

- D'fhan sciar na bhfreagróirí ar fhacthas dóibh An Garda Síochána mar phobaldírithe cuibheasach mar an gcéanna sa dá bhliain.
- Tháinig méadú ar sciar na bhfreagróirí ar fhacthas dóibh An Garda Síochána mar chairdiúil nó cuiditheach idir na blianta 2015 agus 2016.
- Tháinig laghdú ar sciar na bhfreagróirí a d'aontaigh gurbh éifeachtach é An Garda Síochána chun dul i ngleic leis an gcoireacht, gur dhea-bhainistithe é, agus gur sholáthróirí de sheirbhís póilíneachta de scoth domhanda agus ar nua-aimseartha nó fhorásach í idir na blianta 2015 agus 2016.

## Braistintí um éifeachtacht agus éirim de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

An mbíonn difríocht idir tuairimí An Garda Síochána de réir fachtóirí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha? Ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir na fir agus na mná i dtéarmaí a leibhéil aontaithe leis na sé ráiteas. Ba dhóichí do na freagróirí ní ba shine chun aontú gur chairdiúil nó cuiditheach é an t-eagras. Bhí na leibhéil aontaithe leis na cúig ráiteas eile cuibheasach cobhsaí thar gach aoisghrúpa. Faoi mar a leagtar amach i dtábla 61 bhí an claonadh sna freagróirí ó aicme shóisialta F chun braistintí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána. Ba neamhdhóichí do na freagróirí Éireannacha chun aontú gur chairdiúil nó cuiditheach é an t-eagras. D'fhreagair sciar nach beag d'fhreagróirí neamh-Éireannacha 'ní fios' leis na cúig ráiteas eile, agus níorbh fhéidir aon difríochtaí eile sa leibhéal aontaithe idir náisiúntachta a chinntiú go hiontaofa dá réir.

## Braistintí éifeachtachta agus éirime de réir grúpálacha ceantair

Bhain roinnt athruithe i leibhéal aontaithe na bhfreagróirí leis na sé ráiteas thar na grúpálacha ceantair. Léirítear i dtábla 62 go raibh an claonadh i measc na bhfreagróirí ó Mhumhain chun leibhéil aontaithe ní b'airde bheith acu leis na cúig ráiteas i gcomparáid le freagróirí ó réigiúin eile. Cosúil leis sin, bhí an claonadh i measc na bhfreagróirí ó cheantair thuaithe chun braistintí ní ba dhearfaí bheith acu i gcomparáid le ceantair 'chathrach' agus 'uirbeacha eile'. Ní fhacthas treochtaí so-aitheanta ar bith idir braistintí i leith An Garda Síochána agus achar ó stáisiún an Gharda.

## Braistintí éifeachtachta agus éirime de réir íospartha

D'fhéadfadh bheith mar íospartach na coireachta tionchar a fheidhmiú ar thuairimí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána. Léirítear i dtábla 63 thar gach sé ráiteas gur bhraith na freagróirí ar íospartaigh na coireachta iad An Garda Síochána ní ba mhífhabhraí ná freagróirí nach raibh ina n-íospartaigh choireachta.

**Tábla 63: Leibhéil aontaithe de réir stádais íospartaigh**

| | Gan bheith ina íospartach coireachta | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Pobal-dírithe | 67% | 54% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 63% | 52% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 87% | 79% |
| Soláthraíonn seirbhís póilíneachta de scoth domhanda | 43% | 31% |
| Faoi dhea-bhainistiú | 53% | 41% |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 60% | 47% |

## An bhfeidhmíonn dearcthaí na bhfreagróirí i leith na coireachta i bhfeidhm ar an gcaoi ina mbraitheann siad An Garda Síochána?

Bhí éagsúlacht i measc na ndearcthaí i leith na coireachta mar fhadhb náisiúnta agus áitiúil ag na freagróirí faoi mar a pléadh síos tríd. Déantar iniúchadh i dtábla 64 ar bhraistintí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána de réir a ndearcthaí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla.

Bhí an claonadh ag an leibhéal náisiúnta i measc na bhfreagróirí a chreid nach raibh an choireacht ina fadhb chun dearcthaí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána. Is léir sin sna braistintí den eagras mar cheann nua-aimseartha nó forásach, mar sholáthróirí de sheirbhís póilíneachta de scoth domhanda, dhea-bhainistithe, agus éifeachtach chun dul i ngleic leis an gcoireacht. Mar shampla, mheas 58% de na freagróirí a shíl nach raibh an choireacht náisiúnta ina fadhb ar bith go raibh eagras an Gharda éifeachtach chun dul i ngleic leis an gcoireacht i gcomparáid le 43% a shíl go raibh an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach. Ba bheag difríocht a chonacthas sna freagraí leis na ráitis de 'chairdiúil nó cuiditheach' agus 'pobal-dírithe'.

Bhí an claonadh ag an leibhéal áitiúil i measc na bhfreagróirí a chreid nach raibh an choireacht ina fadhb áitiúil ar bith chun dearcthaí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána. Ba léir an treocht sin thar gach sé ráiteas faoi An Garda Síochána. Cosúil leis sin, bhí an claonadh i measc na bhfreagróirí a d'fhéach ar an gcoireacht mar fhadhb chun dearcthaí ní ba dhiúltaí bheith acu ar an eagras thar gach sé ráiteas. Ní raibh na difríochtaí sin chomh lom agus na cinn a chonacthas thar bhraistintí na coireachta náisiúnta.

## An mbaineann gaol idir an faitíos roimh choireacht agus imní faoin íospairt le braistintí den eagras?

An bhféachann na freagróirí le faitíos roimh choireacht agus arb imníoch faoina bheith ina n-íospartaigh choireachta ar An Garda Síochána níos mífhabhraí ná na freagróirí nach mbíonn mar sin? Déantar an cheist sin a thaiscéaladh i dtábla 65. Bhí an claonadh sna freagróirí nach raibh imníoch faoina bheith ina n-íopsartach coireachta chun dearcthaí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána tar gach sé ráiteas.
Ba iad na daoine a bhí imníoch faoina bheith ina n-íospartach coireachta a thuairiscigh na leibhéil aontaithe ab ísle thar cúig cinn de na sé bheart éifeachtachta agus éirime ag An Garda Síochána.

Cosúil leis sin, bhí an claonadh sna freagróirí nach raibh faitíos roimh choireacht orthu chun dearcthaí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána thar gach sé ráiteas. Is amhlaidh a mhalairt freisin – bhí an claonadh sna freagróirí leis an leibhéal faití ab airde chun dearcthaí ní ba dhiúltaí bheith acu i leith An Garda Síochána thar gach sé ráiteas. Mar shampla, d'aontaigh 22% díobh siúd le go leor faitíos roimh choireacht go soláthraíonn eagras An Garda Síochána seirbhís póilíneachta de scoth domhanda i gcomparáid le 40% nach raibh faitíos ar bith orthu roimh leibhéal na coireachta.
An mbíonn gaol idir dearcthaí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána agus a leibhéil iontaoibhe san eagras?
Déantar an smaoineamh sin a iniúchadh i dtábla 66. Na freagróirí le leibhéil arda iontaoibhe in An Garda Síochána; thuairiscigh siad dearcthaí ní ba dhearfaí  in eagras an Gharda thar gach sé ráiteas. Is amhlaidh a mhalairt freisin – bhí an claonadh sna freagróirí leis na leibhéil iontaoibhe ab ísle chun dearcthaí ní ba dhiúltaí bheith acu i leith an eagrais thar gach sé ráiteas.

## An bhfuil gaol idir tuairimí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána agus a leibhéil iontaoibhe san eagras?

Caitear súil ar an smaoineamh úd i dTábla 66. Thuairiscigh na freagróirí le leibhéil iontaoibhe ard in An Garda Síochána tuairimí ní ba dhearfaí i leith eagras an Gharda thar gach sé ráiteas. Is amhlaidh a mhalairt freisin - bhí tuairimí ní ba dhiúltaí ag na freagróirí leis na leibhéil iontaoibhe ab ísle i leith an eagrais thar gach sé ráiteas.

**Tábla 66: Braistintí An Garda Síochána de réir leibhéil iontaoibhe**

| | Iontaoibh Íseal | Iontaoibh Mheánach | Iontaoibh Ard |
|---|---|---|---|
| Pobal-dírithe | 26% | 56% | 77% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 19% | 49% | 72% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 44% | 83% | 95% |
| Soláthraíonn seirbhís | 6% | 25% | 55% |
| póilíneachta de scoth domhanda | 11% | 34% | 60% |
| Faoi dhea-bhainistiú leis an gcoireacht | 14% | 40% | 71% |

## Achoimre

- **D'aontaigh móramh na rannpháirtithe go raibh An Garda Síochána pobal-dírithe, nua-aimseartha nó forásach, agus cairdiúil nó cuiditheach. Cé go raibh dearcthaí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána sa bhliain 2016 ní ba dhiúltaí ná sa bhliain 2015 trí chéile, d'éirigh siad ní ba dhearfaí den chuid ba mhó i rith na bliana 2016.**
- **Bhain difríochtaí le dearcthaí na bhfreagróirí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha, de réir mar ba dhóichí d'fhreagróirí neamh-Éireannacha agus do dhaoine ní b'aosta chun aontú gur cairdiúil nó cuiditheach é an t-eagras. Bhí an claonadh sna freagróirí ó aicme shóisialta F chun braistintí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána thar gach sé ráiteas.**
- **Bhain ról leis an suíomh freisin óir go bhfacthas claonadh i measc na bhfreagróirí ó Mhumhain agus ó na ceantair thuaithe chun dearcthaí ní b'fhabhraí bheith acu i gcomparáid le freagróirí ó réigiúin eile agus ó cheantair 'chathrach' nó 'uirbeacha eile'.**
- **Bhí an claonadh sna freagróirí a bhí ina n-íospartaigh choireachta chun dearcthaí ní ba dhiúltaí bheith acu i leith An Garda Síochána.**
- **Bhain difríocht le dearcthaí na bhfreagróirí freisin de réir a mbraistinte den choireacht mar fhadhb éigin. Bhí an claonadh go sonrach i measc na bhfreagróirí a chreid nach raibh an choireacht ina fadhb ar bith go náisiúnta agus go háitiúil chun dearcthaí ní ba dhearfaí bheith acu i leith an eagrais.**
- **Bhain difríocht le dearcthaí na bhfreagróirí freisin de réir a leibhéal imní, faitís agus iontaoibhe. Na freagróirí nach raibh imníoch faoin íospairt, nach raibh faitíos ar bith orthu i leith na coireachta, nó ar bhain leibhéil arda iontaoibhe dóibh; bhí an claonadh ina measc chun dearcthaí ní ba dhearfaí bheith acu i leith An Garda Síochána.**

**Tábla 61: Braistintí um éifeachtacht agus éirim de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Gnéas | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Pobal-dírithe | 61% | 61% | 61% | 58% | 62% | 61% | 63% | 62% | 60% | 60% | 59% | 61% | 70% | 60% | 63% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 55% | 55% | 56% | 52% | 54% | 55% | 59% | 58% | 51% | 53% | 53% | 58% | 68% | 55% | 57% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 83% | 84% | 79% | 80% | 83% | 84% | 87% | 88% | 86% | 83% | 81% | 83% | 92% | 84% | 85% |
| Soláthraíonn seirbhís póilíneachta de scoth domhanda | 34% | 36% | 33% | 33% | 36% | 34% | 38% | 36% | 34% | 35% | 33% | 36% | 37% | 34% | 41% |
| Faoi dhea-bhainistiú | 43% | 41% | 44% | 40% | 40% | 40% | 43% | 47% | 39% | 39% | 41% | 44% | 48% | 41% | 48% |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 50% | 49% | 49% | 45% | 48% | 49% | 54% | 55% | 50% | 47% | 47% | 52% | 58% | 50% | 49% |

**Tábla 62: Braistintí éifeachtachta agus éirime de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Urban/Tuaithe | | | Achar ó Stáisiún an Gharda | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | Fuílleach Laighean | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach Eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 kms | 3-5 kms | 5-10 kms | 10+kms |
| Pobal-dírithe | 49% | 61% | 72% | 62% | 53% | 65% | 66% | 64% | 60% | 64% | 62% | 58% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 41% | 56% | 67% | 60% | 46% | 59% | 62% | 56% | 52% | 58% | 60% | 57% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 78% | 82% | 89% | 87% | 80% | 84% | 87% | 87% | 83% | 84% | 83% | 88% |
| Soláthraíonn seirbhís póilíneachta de scoth domhanda | 27% | 35% | 38% | 42% | 30% | 35% | 39% | 38% | 34% | 37% | 33% | 35% |
| Faoi dhea-bhainistiú | 30% | 43% | 51% | 44% | 34% | 44% | 48% | 44% | 41% | 46% | 43% | 34% |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 38% | 47% | 61% | 55% | 43% | 51% | 55% | 53% | 49% | 49% | 51% | 56% |

**Tábla 64: Braistintí i leith éifeachtachta agus éirime de réir bhraistintí náisiúnta agus áitiúla na coireachta**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Fadhb fhíor-thromchúiseach** | **Fadhb thromchúiseach** | **Fadhb éigin** | **Fadhb ar bith** | **Fadhb fhíor-thromchúiseach** | **Fadhb thromchúiseach** | **Fadhb éigin** | **Fadhb ar bith** |
| Pobal-dírithe | 58% | 64% | 60% | 64% | 51% | 56% | 61% | 66% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 54% | 57% | 56% | 59% | 47% | 47% | 56% | 61% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 84% | 87% | 78% | 86% | 79% | 81% | 84% | 87% |
| Soláthraíonn seirbhís póilíneachta de scoth domhanda | 30% | 35% | 42% | 52% | 21% | 29% | 34% | 44% |
| Faoi dhea-bhainistiú | 38% | 43% | 44% | 50% | 30% | 36% | 40% | 51% |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 43% | 52% | 54% | 58% | 31% | 40% | 49% | 62% |

**Tábla 65: Braistintí i leith éifeachtacha agus éirime de réir fhaitíos roimh choireacht agus imní faoin íospairt**

| | Imníocht faoin íospairt | | | | Faitíos roimh choireanna | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Bíonn imníoch faoi dhíobháil phearsanta** | **Imníoch faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine** | **Bíonn imníoch faoin dá cheann** | **Ní bhíonn imníoch** | **Go leor faitíos** | **Roinnt faitíos** | **Fíorbheagán faitíos** | **Faitíos ar bith** |
| Pobal-dírithe | 58% | 58% | 56% | 66% | 48% | 56% | 61% | 68% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 42% | 55% | 51% | 61% | 43% | 51% | 57% | 60% |
| Cairdiúil nó cuiditheach | 82% | 81% | 83% | 85% | 79% | 82% | 84% | 86% |
| Soláthraíonn seirbhís póilíneachta de scoth domhanda | 29% | 35% | 30% | 40% | 22% | 31% | 35% | 40% |
| Faoi dhea-bhainistiú | 31% | 44% | 36% | 47% | 26% | 38% | 42% | 48% |
| Éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht | 49% | 47% | 42% | 56% | 36% | 46% | 51% | 55% |

# Conclúidí

Is ionann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail seo agus an dara ceann as sraith suirbhéanna náisiúnta ar dhaonra aosach na hÉireann ó athsheoladh an suirbhé. Ba é An Garda Síochána a choimisiúnaigh an saothar, agus ba iad Amárach Research a chomhlíon an saothar allamuigh.

Rinneadh iniúchadh sa suirbhé ar bhraistintí na bhfreagróirí i leith na coireachta; ar a dtaithí den íospairt, chomh maith lena sástacht leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána. Rinneadh tomhas freisin ar fhaitíos agus imní an phobail faoi leibhéal na coireachta agus a thionchar ar cháilíocht a mbeatha; caidreamh an phobail leis An Garda Síochána lena n-áirítear a sástacht leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla agus an iontaoibh a bhíonn acu in eagras an Gharda. Ar deireadh, taiscéaladh an chaoi ar fhéach freagróirí ar chumais agus ar éifeachtacht An Garda Síochána.

## Braistintí Poiblí i leith na Coireachta in Éirinn

Nuair a fiafraíodh de na freagróirí i leith a mbraistintí den choireacht náisiúnta, bhreithnigh móramh na bhfreagróirí go raibh sí ina fadhb fhíor-thromchúiseach (35%) nó ina fadhb thromchúiseach (42%). Tháinig méadú idir na blianta 2015 agus 2016 ar sciar na bhfreagróirí a bheithnigh an choireacht náisiúnta ina fadhb fhíor-thromchúiseach.

I gcomparáid leis sin, thuairiscigh ní ba lú ná ceathrú amháin de na freagróirí sa bhliain 2016 go raibh an choireacht áitiúil ina fadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach. Tháinig titim ar an sciar a bhreithnigh an choireacht áitiúil ina fadhb fhíor-thromchúiseach nó thromchúiseach faoi sheacht bpointe faoin gcéad ón mbabhta deireanach den suirbhé.

Tharla roinnt difríochtaí suntasacha nuair a rinneadh iniúchadh ar ghrúpaí éagsúla:

- Ba dhóichí do na mná chun féachaint ar an bhfadhb coireachta náisiúnta ní ba thromchúisí; cé go raibh difríochtaí suntasacha sna braistintí um choireacht áitiúil idir an dá ghnéas.
- Ba dhóichí do na freagróirí sna haoisghrúpaí ní ba shine chun féachaint ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb fhíor-thromchúiseach; níorbh amhlaidh an cás nuair a rinneadh iniúchadh ar bhraistintí i leith na coireachta áitiúla.
- Bhreithnigh náisiúnaigh Neamh-Éireannacha an choireacht náisiúnta agus áitiúil mar fhadhbh ní ba lú ná náisiúnaigh Éireannacha.
- Cé gur neamhdhóichí d'fhreagróirí i mBaile Átha Cliath chun féachaint ar an gcoireacht náisiúnta mar fhadhb éigin le hais freagróirí i gceantair eile, bhraith siad fadhb na coireachta áitiúla mar cheann ní ba thromchúisí.
- B'achrannaí fadhb na coireachta náisiúnta dóibh siúd san ceantair thuaithe ná fadhb na coireachta áitiúla.

## Íospartaigh na Coireachta

Bhí 493 freagróir sa sampla seo a bhí ina n-íospartach coireachta le 12 mhí anuas. Is ionann sin agus ráta íospartha 8 faoin gcéad, anuas ó 11 faoin gcéad sa bhliain 2015. Thuairiscigh 60 de na 493 íospartach úd go raibh siad ina n-íospartaigh ní ba mhó ná aon uair amháin.

Ba iad an bhuirgléireacht (28%), agus an damáiste coiriúil (17%), agus an t-ionsaí (11%) a tháinig sna sála orthu. Mhaígh comhréir ní ba mhó de na freagróirí sna ceantair 'chathrach' agus 'uirbeacha eile' (10%) go raibh siad ina n-íospartaigh choireachta le hais iad siúd a chónaigh sna ceantair thuaithe (6%).

Níor thuairiscigh íospartaigh na coireachta gach teagmhas leis na Gardaí. As na 493 duine a bhí ina n-íospartaigh ag coir amháin ar a laghad, thuairiscigh 387 (79%) an choir ba dhéanaí acu leis An Garda Síochána. Is í an bhuirgléireacht an choir is mó a thuairiscítear, leis an réadmhaoin) agus goid gluaisteáin sna sála orthu; tháinig méadú sa tuairisciú de chionta calaoise idir na bliana 2015 agus 2016.

Ba iad na fáthanna ba choitianta gan an choir a thuairisciú ná:

- Níor mheas mé an choir bheith tromchúiseach a dóthain (30%)
- Níor chreid mé go bhféadfadh na Gardaí rud ar bith a dhéanamh faoi (29%)
- Níor chreid mé go ndéanfadh na Gardaí rud ar bith a dhéanamh faoi (25%)

Rinneadh iniúchadh freisin ar an taithí de thuairisciú coire.

- Dúirt móramh na bhfreagróirí gur fhreagair na Gardaí go tapa nuair a glaodh orthu (60%). Laghdú faoi 3% ó shuirbhé na bliana 2015.
- Tugadh ainm an Gharda fhiosraithe do 69% acu, i gcomparáid le 68% sa suirbhé deireanach.
- Thuairiscigh 70% go bhfuair siad sonraí teagmhála stáisiún an Gharda i gcomparáid le 71% sa bhliain 2015.

- Thuairiscigh ní ba mhó íospartach i suirbhé na bliana 2016 i gcomparáid le babhta na bliana 2015 go bhfuarthas uimhir PULSE (43% v. 34%).
- Thuairiscigh ní ba mhó daoine tabhairt uimhreach do línte cabhrach/seirbhís sa bhliain 2016 le hais na bliana 2015 (41% v. 33%).

I measc na n-íospartach go léir a thuairiscigh a gcoir, dúirt 21% go raibh siad fíorshásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Gardaí a gcás-san, bhí 36% cuibheasach sásta, agus bhí 26% acu míshásta, agus bhí 17% acu fíor-mhíshásta. Dúirt 1% breise nach raibh a fhios acu nó nár chuimhin leo. Tharla athrú ar leibhéal sástachta na n-íospartach idir an dá shuirbhé ba dhéanaí leis an gcaoi ar láimhseáil An Garda Síochána a gcásanna.

## Faitíos agus Imní faoin gCoireacht

Cuireadh sraith codannna nua leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sa bhliain 2016 ina ndearnadh iniúchadh ar fhaitíos na bhfreagróirí roimh choireacht, a tionchar ar cháilíocht a mbeatha, chomh maith le braistintí den dóchúlacht go n-éireoidh siad ina n-íospartach coireachta.

Thuairiscigh timpeall dhá dtrian (66%) de na daoine roinnt faitís roimh leibhéal na coireachta trí chéile; thuairiscigh 38% go raibh roinnt tionchair ag a bhfaitíos roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha; agus bhí 54% d'fhreagróirí imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta - an díobháil phearsanta, goid nó damáiste maoine, nó an dá cheann.

Thuairiscigh mná thar na trí cheist úd leibhéil ní ba mhó faitís roimh choireacht, imní faoin íospairt agus an tionchar ba mhó ar cháilíocht a mbeatha.

Thuairiscigh freagróirí i mBaile Átha Cliath na leibhéil ab airde d'fhaitíos roimh choireanna, d'imní faoin íospairt agus de thionchar na coireachta ar cháilíocht na beatha, agus thuairiscigh freagróirí i gConnachta/Ulaidh na leibhéil ab ísle ar fud na dtrí bheart úd.

## Tosaíochtaí Póilíneachta do An Garda Síochána

De réir na bhfreagróirí ba cheart do An Garda Síochána tosaíocht a thabhairt do choireanna in aghaidh an duine, le béim faoi leith ar chionta gnéasacha agus ar robálacha. Is cuma faoi ghnéas, aois, aicme shóisialta, náisiúntacht agus grúpálacha ceantair; d'fhan na cionta sin mórán mar na príomhthosaíochtaí d'fhreagróirí suirbhé.

## Infheictheacht an Gharda

Cuireadh sraith ceisteanna leis i rith na bliana 2016 faoi láithreacht An Garda Síochána i gceantair áitiúla.

- Thuairiscigh 35% de na freagróirí go mbíodh Gardaí ar patról ina gceantair áitiúla go rialta.
- Ba dhóichí go dtuairisceodh na daoine úd i Mumhain (40%) agus i gConnachta/Ulaidh (42%) feasacht i leith phatróil an Gharda go háitiúil, agus ba neamhdhóichí go dtuairisceodh na freagróirí i mBaile Átha Cliath (30%) agus i bhfuílleach Laighean (31%) chun feasacht a thuairisciú.
- B'fheasach do sciar ní ba mhó d'fhreagróirí faoi phatróil an Gharda i gceantair 'uirbeacha eile' ná i gceantair thuaithe nó 'cathrach'.
- Ba iad na Gardaí ar patról sa ghluaisteán an meán patróil ba mhó a tuairiscíodh.

Nuair a fiafraíodh de bhraistintí i leith láithreach an Gharda, shíl 59% de na freagróirí nár leordhóthanach í láithreacht an Gharda go háitiúil, shíl 34% díobh gur chuibheasach ceart í, agus mheas sciar fhíorbheag láithreacht an Gharda bheith iomarcach, agus mhaígh an fuílleach (7%) nach raibh a fhios acu.

## Sástacht leis An Garda Síochána

Fiafraíodh sa suirbhé freisin d'fhreagróirí faoina sástacht leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla leis An Garda Síochána. I dtéarmaí an tseachadta seirbhíse fhoriomláin, bhí móramh na bhfreagróirí (67%) sásta leis an tseirbhís a soláthraíodh. Thuairiscigh sciar ní ba mhó d'fhreagróirí idir 2015 agus 2016 bheith cuibheasach sásta agus cuibheasach míshásta leis an tseirbhís a sholáthair eagras an Gharda. Bhí sciar ní bha mhó d'fhreagróirí míshásta trí chéile leis An Garda Síochána sa bhliain 2016 ná sa bhliain 2015.

Ní raibh difríochtaí suntasacha ar fud na ngrúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha, seachas nuair a taiscéaladh an náisiúntacht; bhí freagróirí neamh-Éireannacha ní ba shásta leis An Garda Síochána ná na freagróirí Éireannacha.

Thuairiscigh sciar ní ba mhó de na freagróirí sna ceantair 'uirbeacha eile' (71%) agus tuaithe (69%) go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair An Garda Síochána nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis na ceantair 'cathrach' (61%). Ba neamhdhóichí d'fhreagróirí ag cónaí ní ba mhó ná 10 gciliméadar ar shiúl óna stáisiún Garda áitiúil chun sástacht a thuairisciú leis An Garda Síochána.

Bhí difríochtaí freisin leis na leibhéil sástachta a bhain le braistintí na coireachta go háitiúil agus go náisiúnta. Tháinig méadú freisin ar an tsástacht leis an tseirbhís don phobal áitiúil de réir mar a tháinig feabhsú ar bhraistintí na bhfreagróirí roimh choireacht.

## Iontaoibh in An Garda Síochána

Bhí móramh mór (88%) de na freagróirí a raibh leibhéal iontaoibhe idir mheánach agus ard acu in eagras an Gharda. Tháinig méadú faoi 2% air sin thar an suirbhé anuraidh. Cosúil leis na torthaí a chonacthas sa bhabhta ba dheireanaí den suirbhé, bhí leibhéil iontaoibhe ní b'airde i measc na mban san eagras le hais na bhfear. Bhí an claonadh ag na leibhéil iontaoibhe in eagras an Gharda chun méadú le dul in aois.

Thuairiscigh freagróirí i mBaile Átha Cliath agus i bhfuílleach Laighean leibhéil iontaoivhe ní b'ísle. Ní raibh an oiread iontaoibhe acu siúd a chónaigh i gceantair 'chathrach' as An Garda Síochána nuair a cuireadh iad i gcomparáid le freagróirí sna ceantair thuaithe. Bhí an claonadh ag íospartaigh na coireachta chun leibhéil ní b'ísle iontaoibhe bheith acu in An Garda Síochána.

Dealraítear go bhfuil gaol idir an iontaoibh le roinnt de na limistéir eile a áiríodh leis an suirbhé::

- Bhí na leibhéil iontaoibhe i bhfad ní b'ísle i measc na ndaoine úd a bhreithnigh an choireacht náisiúnta mar fhadhb; bhí sé sin i bhfad ní ba thábhachtaí dóibh siúd a bhreithnigh an choireacht áitiúil mar rud achrannach.
- Tháinig laghdú ar leibhéil na hiontaoibhe in eagras an Gharda de réir mar a tháinig méadú ar an bhfaitíos roimh choireacht.
- Cosúil leis sin, ba dhóichí do na freagróirí arbh fheasach dóibh faoi phatróil an Gharda chun leibhéil 'arda' iontaoibhe san eagras a thuairisciú.

## Braistintí i leith Eagras an Gharda

D'aontaigh móramh na bhfreagróirí go raibh An Garda Síochána pobal-dírithe, nua-aimseartha nó forásach agus cairdiúil nó cuiditheach, agus bhreithnigh a leath de na freagróirí go raibh An Garda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht. D'aontaigh ní ba mhó ná trian amháin (35%) d'fhreagróirí go soláthraíonn eagras an Gharda seirbhís póilíneachta de scoth domhanda, agus d'aontaigh 42% go raibh eagras an Gharda dea-bhainistithe.

D'éirigh tuairimí na bhfreagróirí i leith An Garda Síochána ní ba dhearfaí thar na sé bheart a imlíníodh thuas idir R1 agus R4 2016.

Is féidir a rá go ginearálta gur tháinig laghdú ar bhraistintí an eagrais idir na blianta 2015 agus 2016. Cé gur fhan sciar na bhfreagróirí a bhreithnigh an t-eagras mar phobal-dírithe cuibheasach cobhsaí, agus tháinig méadú ar an sciar a bhreithnigh An Garda Síochána de bheith cairdiúil nó cuiditheach, agus tháinig laghdú ar gach braistint eile nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis an mbabhta deireanach den suirbhé.

Ní raibh difríocht ar bith de réir inscne le braistintí i leith éifeachtacht agus éirim eagras an Gharda. Cé gur dhóichí dóibh siúd sna haoisghrúpaí ní ba shine chun aontú gur cairdiúil nó cuiditheach é an t-eagras, ní raibh treochtaí suntasacha ar bith thar na ráitis eile faoin eagras. Bhí braistintí ní bha dhearfaí i leith eagras an Gharda ag na freagróirí i Mumhain agus sna ceantair thuaithe.

Faoi mar a chonacthas sna codanna eile, bhí gaol idir na braistintí faoi thromchúis fhadhb na coireachta go háitiúil agus go náisiúnta leis an aontú maidir le héifeachtacht agus le héirim An Garda Síochána.

Cosúil leis sin, bhí leibhéil aontaithe ní b'airde acu siúd gan faitíos ar bith roimh choireacht agus gan imní faoin íospairt leis na ráitis faoi An Garda Síochána.

Ar deireadh, tháinig méadú ar an aontú leis na sé ráiteas maidir le héifeachtacht agus le héirimh An Garda Síochána de réir mar a tháinig méadú ar leibhéil na hiontaoibhe agus na sástachta le heagras an Gharda.



